Dé Céadaoin 4. Bealtaine 2022

P9_TA(2022)0143

Fóirdheontais eachtracha shaobhacha ***I

Leasuithe a ghlac Parlaimint na hEorpa an 4 Bealtaine 2022 ar an togra le haghaidh rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le fóirdheontais eachtracha a shaobhann an margadh inmheánach (COM(2021)0223 – C9-0167/2021 – 2021/0114(COD)) ([1])

(An gnáthnós imeachta reachtach an chéad léamh)

(2022/C 465/24)

Leasú 1

Togra le haghaidh rialacháin

Aithris 2

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(2) Ag an am céanna, d'fhéadfadh gnóthais fóirdheontais a fháil ó thríú tíortha ***lena gcuirtear cistí poiblí ar fáil*** a úsáidtear ansin, mar shampla, chun gníomhaíochtaí eacnamaíocha a mhaoiniú sa mhargadh inmheánach in aon earnáil den gheilleagar, amhail rannpháirtíocht i dtairiscintí soláthair phoiblí, nó éadálacha gnóthas, lena n-áirítear gnóthais a bhfuil sócmhainní straitéiseacha acu amhail bonneagar criticiúil agus teicneolaíochtaí nuálacha. Níl na fóirdheontais sin faoi réir rialacha an Aontais maidir leis an státchabhair faoi láthair.	(2) Ag an am céanna, d'fhéadfadh gnóthais fóirdheontais a fháil ó thríú tíortha a úsáidtear ansin, mar shampla, chun gníomhaíochtaí eacnamaíocha a mhaoiniú sa mhargadh inmheánach in aon earnáil den gheilleagar, amhail rannpháirtíocht i dtairiscintí soláthair phoiblí, nó éadálacha gnóthas, lena n-áirítear gnóthais a bhfuil sócmhainní straitéiseacha acu amhail bonneagar criticiúil agus teicneolaíochtaí nuálacha. Níl na fóirdheontais sin faoi réir rialacha an Aontais maidir leis an státchabhair faoi láthair. ***Tá ábhair imní den chineál céanna i bhfeidhm i ndáil le fiontair atá faoi úinéireacht stáit.***

Leasú 2

Togra le haghaidh rialacháin

Aithris 2 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(2a) Cé gur cheart go gcumhdófaí na hearnálacha eacnamaíocha uile faoin Rialachán seo, ba cheart don Choimisiún aird ar leith a thabhairt ar earnálacha a bhfuil leas straitéiseach don Aontas ag baint leo agus ar bhonneagair chriticiúla, amhail na cinn sin a luaitear in Airteagal 4(1), pointe (a), de Rialachán (AE) 2019/452 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle.

([1]) Tarchuireadh an ní ar ais chuig an gcoiste freagrach le haghaidh idirbheartaíocht idirinstitiúideach de bhun Riail 59(4), an ceathrú fomhír (A9-0135/2022).

Dé Céadaoin 4. Bealtaine 2022

Leasú 3

Togra le haghaidh rialacháin

Aithris 5 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(5a) Ba cheart an Rialachán seo a bheith comhleanúnach agus comhordaithe leis na hionstraimí atá ann cheana, amhail Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1a]), Treoir 2014/24/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([1b]) nó Rialachán (AE) 2019/452 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([1c]) nó Rialachán (AE) 2022/… ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([1d]). Agus na hionstraimí éagsúla á gcur i bhfeidhm aige, ba cheart don Choimisiún aird a thabhairt ar roinnt éifeachtach na faisnéise riachtanaí a áirithiú chun cur chuige cuimsitheach a choimirciú.

([1a]) Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle an 20 Eanáir 2004 maidir le comhchruinnithe a rialú idir gnóthais (Rialachán um Chumaisc AE) (IO L 24, 29.1.2004, lch. 1).

([1b]) Treoir 2014/24/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Feabhra 2014 maidir le soláthar poiblí agus lena n-aisghairtear Treoir 2004/18/CE, (IO L 94, 28.3.2014, lch. 65).

([1c]) Rialachán (AE) 2019/452 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 19 Márta 2019 lena gcuirtear ar bun creat maidir le hinfheistíochtaí díreacha eachtracha isteach san Aontas a scagadh (IO L 79 I, 21.3.2019, lch. 1).

([1d]) Rialachán (AE) 2022/… ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le rochtain oibreoirí eacnamaíocha, earraí agus seirbhísí tríú tíortha ar mhargadh soláthair phoiblí an Aontais agus maidir le nósanna imeachta a thacaíonn leis an gcaibidlíocht maidir le rochtain oibreoirí eacnamaíocha, earraí agus seirbhísí an Aontais ar mhargaí soláthair phoiblí tríú tíortha (Ionstraim soláthair phoiblí idirnáisiúnta – IPI) (IO L …).

Dé Céadaoin 4. Bealtaine 2022

Leasú 4

Togra le haghaidh rialacháin

Aithris 6

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(6) Ba cheart rialacha agus nósanna imeachta a leagan síos chun imscrúdú a dhéanamh ar fhóirdheontais eachtracha a bhfuil saobhadh iarbhír nó féideartha á dhéanamh acu sa mhargadh inmheánach agus, i gcás inarb ábhartha, ba cheart an saobhadh sin a cheartú. D'fhéadfadh fóirdheontais eachtracha an margadh inmheánach a shaobhadh más rud é go mbíonn an gnóthas a bhaineann tairbhe as an bhfóirdheontas eachtrach ag gabháil do ghníomhaíocht eacnamaíoch san Aontas. Dá bhrí sin, ba cheart rialacha a bhunú leis an Rialachán seo maidir le gach gnóthas atá ag gabháil do ghníomhaíocht eacnamaíoch san Aontas. I bhfianaise thábhacht na ngníomhaíochtaí eacnamaíocha a shaothraíonn FBManna, agus an méid a rannchuidíonn siad le príomhspriocanna beartais an Aontais a chomhlíonadh, tugtar aird ar leith ar thionchar an Rialacháin seo orthu.	(6) Ba cheart rialacha agus nósanna imeachta a leagan síos chun imscrúdú a dhéanamh ar fhóirdheontais eachtracha a bhfuil saobhadh iarbhír nó féideartha á dhéanamh acu ar an margadh inmheánach agus, i gcás inarb ábhartha, ba cheart an saobhadh sin a cheartú. D'fhéadfadh fóirdheontais eachtracha an margadh inmheánach a shaobhadh más rud é go mbíonn an gnóthas a bhaineann tairbhe as an bhfóirdheontas eachtrach ag gabháil do ghníomhaíocht eacnamaíoch san Aontas. ***Ba cheart go rannchuideodh cur i bhfeidhm agus forfheidhmiú cuí an Rialacháin seo le hathléimneacht an mhargaidh inmheánaigh in aghaidh saobhadh atá mar thoradh ar fhóirdheontais eachtracha agus ar an gcaoi sin uathriail straitéiseach oscailte an Aontais a neartú.*** Dá bhrí sin, ba cheart rialacha a bhunú leis an Rialachán seo maidir le gach gnóthas atá ag gabháil do ghníomhaíocht eacnamaíoch san Aontas. I bhfianaise thábhacht na ngníomhaíochtaí eacnamaíocha a shaothraíonn FBManna, agus an méid a rannchuidíonn siad le príomhspriocanna beartais an Aontais a chomhlíonadh, tugtar aird ar leith ar thionchar an Rialacháin seo orthu.

Leasú 5

Togra le haghaidh rialacháin

Aithris 7 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(7a) Ós rud é gur cuid lárnach de chur i bhfeidhm an Rialacháin seo iad údaráis ábhartha na mBallstát, ba cheart do na Ballstáit a áirithiú go gcomhoibríonn agus go gcomhordaíonn a n-údaráis go héifeachtach leis an gCoimisiún i gcur i bhfeidhm an Rialacháin seo. Chun na críche sin, ba cheart go mbeadh an Coimisiún in ann comhar struchtúrtha a chur ar bun chun faisnéis a roinnt agus comhordú a dhéanamh.

Dé Céadaoin 4. Bealtaine 2022

Leasú 6

Togra le haghaidh rialacháin

Aithris 9

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(9) Ba cheart ***d'údaráis phoiblí*** tríú tír ranníocaíocht airgeadais a chur ar fáil, go díreach nó go hindíreach. Féadfar an ranníocaíocht airgeadais a dheonú trí eintitis phoiblí nó eintitis phríobháideacha. Cibé acu a sholáthraíonn nó nach soláthraíonn eintiteas poiblí ranníocaíocht airgeadais, ba cheart é sin a chinneadh ar bhonn cás ar chás agus aird chuí á tabhairt ar eilimintí amhail saintréithe an eintitis ábhartha agus an timpeallacht dhlíthiúil agus eacnamaíoch atá i réim sa tír ina bhfeidhmíonn an t-eintiteas, lena n-áirítear ról an rialtais sa gheilleagar. Féadfar ranníocaíochtaí airgeadais a dheonú freisin trí eintiteas príobháideach más rud é gur féidir a chuid gníomhaíochtaí a shannadh don tríú tír.	(9) Ba cheart do thríú tír ranníocaíocht airgeadais a chur ar fáil, go díreach nó go hindíreach. Féadfar an ranníocaíocht airgeadais a dheonú trí eintitis phoiblí nó eintitis phríobháideacha. Cibé acu a sholáthraíonn nó nach soláthraíonn eintiteas poiblí ranníocaíocht airgeadais, ba cheart é sin a chinneadh ar bhonn cás ar chás agus aird chuí á tabhairt ar eilimintí amhail saintréithe an eintitis ábhartha agus an timpeallacht dhlíthiúil agus eacnamaíoch atá i réim sa ***tríú*** tír ina bhfeidhmíonn an t-eintiteas, lena n-áirítear ról an rialtais i ngeilleagar ***an tríú tír sin***. Féadfar ranníocaíochtaí airgeadais a dheonú freisin trí eintiteas príobháideach más rud é gur féidir a chuid gníomhaíochtaí a shannadh don tríú tír. ***Ba cheart bearta tacaíochta atá coibhéiseach go heacnamaíoch le ranníocaíocht airgeadais a mheas mar ranníocaíocht airgeadais freisin. D'fhéadfaí a áireamh sa ranníocaíocht airgeadais sin freisin cás ina bhfuil rochtain phribhléideach ag an tairbhí ar a mhargadh intíre, eadhon trí chearta eisiacha nó speisialta mar aon le heisceachtaí roghnaíocha de jure nó de facto ar rialacha is infheidhme nó bearta coibhéiseacha, chun earraí nó seirbhísí a sholáthar sa tríú tír arna dtabhairt faoin dlí náisiúnta nó chun tairbhe margaidh faoi chuing intíre de bharr na ndálaí dlíthiúla agus eacnamaíocha atá i réim. D'fhéadfadh buntáiste iomaíoch saorga a bheith mar thoradh air sin, buntáiste a d'fhéadfaí a ghiaráil i margadh inmheánach agus, ar an gcaoi sin, éifeacht shaofa aon fhóirdheontas a dhéanamh níos measa.***

Dé Céadaoin 4. Bealtaine 2022

Leasú 7

Togra le haghaidh rialacháin

Aithris 10

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(10) Ba cheart go dtabharfadh an ranníocaíocht airgeadais ***sin*** tairbhe do ghnóthas atá ag gabháil do ghníomhaíocht eacnamaíoch sa mhargadh inmheánach. Ní fóirdheontas eachtrach atá i ranníocaíocht airgeadais a thairbhíonn d'eintiteas atá ag gabháil do ghníomhaíochtaí neamheacnamaíocha. Ba cheart a chinneadh gurb ann do thairbhe ar bhonn tagarmharcanna comparáideacha, amhail cleachtas infheistíochta infheisteoirí príobháideacha, rátaí maoinithe a d'fhéadfaí a fháil ar an margadh, cóireáil chánach inchomparáide, nó luach saothair leordhóthanach ar earra nó ar sheirbhís ar leith. Mura bhfuil tagarmharcanna ar fáil atá inchomparáide go díreach, d'fhéadfaí tagarmharcanna atá ann cheana a choigeartú nó d'fhéadfaí tagarmharcanna malartacha a bhunú bunaithe ar mhodhanna measúnaithe a nglactar leo go ginearálta.	(10) Ba cheart go dtabharfadh ranníocaíocht airgeadais tairbhe do ghnóthas atá ag gabháil do ghníomhaíocht eacnamaíoch sa mhargadh inmheánach. Ní fóirdheontas eachtrach atá i ranníocaíocht airgeadais a thairbhíonn d'eintiteas atá ag gabháil do ghníomhaíochtaí neamheacnamaíocha. Ba cheart a chinneadh gurb ann do thairbhe ar bhonn tagarmharcanna comparáideacha, amhail cleachtas infheistíochta infheisteoirí príobháideacha, rátaí maoinithe a d'fhéadfaí a fháil ar an margadh, cóireáil chánach inchomparáide, nó luach saothair leordhóthanach ar earra nó ar sheirbhís ar leith. Mura bhfuil tagarmharcanna ar fáil atá inchomparáide go díreach, d'fhéadfaí tagarmharcanna atá ann cheana a choigeartú nó d'fhéadfaí tagarmharcanna malartacha a bhunú bunaithe ar mhodhanna measúnaithe a nglactar leo go ginearálta. ***Féadfaidh praghsáil aistrithe tairbhe a thabhairt agus féadfar a mheas gurb ionann í agus ranníocaíocht airgeadais mura bhfuil sí i gcomhréir le gnáthdhálaí an mhargaidh.***

Leasú 8

Togra le haghaidh rialacháin

Aithris 11 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(11a) Meastar fóirdheontas eachtrach a bheith deonaithe ón uair a bheidh an tairbhí i dteideal an fóirdheontas a fháil. Ní coinnioll riachtanach í íocaíocht iarbhír an fhóirdheontais chun fóirdheontas a thabhairt faoi raon feidhme an Rialacháin seo.

Dé Céadaoin 4. Bealtaine 2022

Leasú 9

Togra le haghaidh rialacháin

Aithris 14

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(14) Agus na táscairí sin á gcur i bhfeidhm, d'fhéadfadh an Coimisiún eilimintí éagsúla a chur san áireamh amhail méid an fhóirdheontais i ndearbhthéarmaí nó i ndáil le méid an mhargaidh nó le luach na hinfheistíochta. Mar shampla, maidir le comhchruinniú, agus i gcomhthéacs an chomhchruinnithe sin go gcumhdaíonn fóirdheontas eachtrach cuid mhór de phraghas ceannaigh na sprice, is dócha go mbeidh saobhadh ag baint leis. Ar an gcaoi chéanna, is dócha go mbeidh saobhadh ann mar thoradh ar fhóirdheontais eachtracha lena gcumhdaítear cuid mhór de luach measta conartha a dhámhfar i nós imeachta soláthair phoiblí. Más rud é go ndeonaítear fóirdheontas eachtrach do chostais oibriúcháin, dealraíonn sé gur mó an dóchúlacht go mbeadh sé ina chúis le saobhadh ná mar a mbeadh dá ndeonófaí é do chostais infheistíochta. Féadfar a mheas gur lú an dóchúlacht go mbeadh fóirdheontais eachtracha a thugtar do ghnóthais bheaga agus mheánmhéide ina gcúis le saobhadh ná fóirdheontais eachtracha a thugtar do ghnóthais mhóra. Ina theannta sin, ba cheart saintréithe an mhargaidh, agus go háirithe na coinníollacha iomaíochta sa mhargadh, amhail bacainní iontrála, a chur san áireamh. Maidir le fóirdheontais eachtracha as a dtagann ró-acmhainn trí shócmhainní neamheacnamaíocha a chothú nó trí infheistíocht a spreagadh i méaduithe acmhainní nach mbeadh tógtha murach sin, is dócha go mbeidh siad ina gcúis le saobhadh. Maidir le fóirdheontas eachtrach a thugtar do thairbhí a léiríonn leibhéal íseal gníomhaíochta sa mhargadh inmheánach, a thomhaistear mar shampla ó thaobh an láimhdeachais a bhaintear amach san Aontas, is lú an dóchúlacht go mbeadh saobhadh ann i gcomparáid le fóirdheontas eachtrach a thugtar do thairbhí a bhfuil leibhéal níos suntasaí gníomhaíochta aige sa mhargadh inmheánach. ***Ar deireadh***, ba cheart a mheas, mar riail ghinearálta, nach dócha go ndéanfaidh fóirdheontais eachtracha nach mó ná EUR ***5*** milliún an margadh inmheánach a shaobhadh de réir bhrí an Rialacháin seo.	(14) Agus na táscairí sin á gcur i bhfeidhm, d'fhéadfadh an Coimisiún eilimintí éagsúla a chur san áireamh amhail méid an fhóirdheontais i ndearbhthéarmaí nó i ndáil le méid an mhargaidh nó le luach na hinfheistíochta. Mar shampla, maidir le comhchruinniú, agus i gcomhthéacs an chomhchruinnithe sin go gcumhdaíonn fóirdheontas eachtrach cuid mhór de phraghas ceannaigh na sprice, is dócha go mbeidh saobhadh ag baint leis. Ar an gcaoi chéanna, is dócha go mbeidh saobhadh ann mar thoradh ar fhóirdheontais eachtracha lena gcumhdaítear cuid mhór de luach measta conartha a dhámhfar i nós imeachta soláthair phoiblí. Más rud é go ndeonaítear fóirdheontas eachtrach do chostais oibriúcháin, dealraíonn sé gur mó an dóchúlacht go mbeadh sé ina chúis le saobhadh ná mar a mbeadh dá ndeonófaí é do chostais infheistíochta. Féadfar a mheas gur lú an dóchúlacht go mbeadh fóirdheontais eachtracha a thugtar do ghnóthais bheaga agus mheánmhéide ina gcúis le saobhadh ná fóirdheontais eachtracha a thugtar do ghnóthais mhóra. Ina theannta sin, ba cheart saintréithe an mhargaidh, agus go háirithe na coinníollacha iomaíochta sa mhargadh, amhail bacainní iontrála, a chur san áireamh. Maidir le fóirdheontais eachtracha as a dtagann ró-acmhainn trí shócmhainní neamheacnamaíocha a chothú nó trí infheistíocht a spreagadh i méaduithe acmhainní nach mbeadh tógtha ***nó ceannaithe*** murach sin, is dócha go mbeidh siad ina gcúis le saobhadh. Maidir le fóirdheontas eachtrach a thugtar do thairbhí a léiríonn leibhéal íseal gníomhaíochta sa mhargadh inmheánach, a thomhaistear mar shampla ó thaobh an láimhdeachais a bhaintear amach san Aontas, is lú an dóchúlacht go mbeadh saobhadh ann i gcomparáid le fóirdheontas eachtrach a thugtar do thairbhí a bhfuil leibhéal níos suntasaí gníomhaíochta aige sa mhargadh inmheánach. ***Is féidir éabhlóid na gníomhaíochta eacnamaíche a chur san áireamh freisin ionas go mbeidh an Coimisiún in ann beart a dhéanamh nuair atá leibhéal gníomhaíochta gnóthais beag, ach go meastar go dtiocfaidh fás mór air. Ba cheart don Choimisiún a bheith in ann a mheas ina mheasúnú ar shaobhadh an bhfuil córas éifeachtach ag tríú tír chun na fóirdheontais atá ann a rialú atá ar a laghad coibhéiseach leis an gcóras san Aontas agus a thabharfadh gur lú seans go saobhfadh fóirdheontais arna ndeonú tríú tír den sórt sin an margadh inmheánach de réir bhrí an Rialacháin seo. Ba cheart don Choimisiún, dá bhrí sin, tríú tíortha a spreagadh chun córais rialaithe fóirdheontais den sórt sin a fhorbairt, lena n-áirítear trí chomhaontuithe déthaobhacha a thabhairt i gcrích agus a fhorfheidhmiú, ar comhaontuithe iad ina bhfuil forálacha substainteacha cothroma iomaíochta agus trí thríú tíortha a spreagadh chun oibleagáidí idirnáisiúnta maidir le fóirdheontais a chomhlíonadh agus chun ailíniú leis an Aontas maidir le tionscnaimh i dtaca le feabhas a chur ar rialacha idirnáisiúnta***

Dé Céadaoin 4. Bealtaine 2022

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	maidir le fóirdheontais agus le neodracht iomaíochta, go háirithe laistigh de EDT. Ba cheart a mheas, mar riail ghinearálta, nach dócha go ndéanfaidh fóirdheontais eachtracha nach mó ná EUR ***4*** mhilliún an margadh inmheánach a shaobhadh de réir bhrí an Rialacháin seo. ***Ba cheart don Choimisiún treoirlínte a dhréachtú agus a fhoilsiú ina mbeadh tuilleadh sonraí maidir le measúnú a dhéanamh ar chineál saobhach fóirdheontais chun deimhneacht dhlíthiúil a sholáthar do gach rannpháirtí sa mhargadh. Ba cheart samplaí agus cásanna tipiciúla d'fhóirdheontais shaobhacha agus neamhshaobhach a bheith sna treoirlínte freisin.***

Leasú 10

Togra le haghaidh rialacháin

Aithris 16

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(16) Ba cheart don Choimisiún éifeachtaí dearfacha an fhóirdheontais eachtraigh ar fhorbairt na gníomhaíochta eacnamaíche fóirdheontais ábhartha a chur san áireamh. Ba cheart don Choimisiún na héifeachtaí dearfacha sin a chur i gcomparáid le héifeachtaí diúltacha fóirdheontais eachtraigh ó thaobh saobhadh sa mhargadh inmheánach d'fhonn an beart sásaimh cuí a chinneadh, más infheidhme, nó glacadh le gealltanais. D'fhéadfadh sé go mbainfí de thátal as an gcothromaíocht freisin nár cheart aon bheart sásaimh a fhorchur. Is lú seans gur mó na héifeachtaí dearfacha ná diúltacha ag na catagóirí d'fhóirdheontais eachtracha a mheastar gur dócha go ndéanfaidh siad saobhadh sa mhargadh inmheánach.	(16) Ba cheart don Choimisiún ***a bheith in ann*** éifeachtaí dearfacha an fhóirdheontais eachtraigh ar fhorbairt na gníomhaíochta eacnamaíche fóirdheontais ábhartha ***ar an margadh inmheánach agus a mhéid a chuireann sé le baint amach cuspóirí beartais phoiblí a chur san áireamh, lena n-áirítear cuspóirí sóisialta agus comhshaoil.*** Ba cheart don Choimisiún na héifeachtaí dearfacha sin a chur i gcomparáid le héifeachtaí diúltacha fóirdheontais eachtraigh ó thaobh saobhadh sa mhargadh inmheánach d'fhonn an beart sásaimh cuí a chinneadh, más infheidhme, nó glacadh le gealltanais. Sa chothromú, ***ba cheart go gcuirfí san áireamh na héifeachtaí gearrthéarmacha agus fadtéarmacha araon agus go leanfaí leis an gcuspóir ghinearálta dul i ngleic le saobhadh atá cruthaithe ag fóirdheontais eachtracha. Ina anailís, ba cheart don Coimisiún na prionsabail ghinearálta a chuirtear i bhfeidhm a chur san áireamh agus measúnú á dhéanamh aige ar chomhoiriúnacht státchabhrach leis an margadh aonair.*** D'fhéadfadh sé go mbainfí de thátal as ***an gcothromaíocht*** freisin nár cheart aon bheart sásaimh a fhorchur. Is lú seans gur mó na héifeachtaí dearfacha ná diúltacha ag na catagóirí d'fhóirdheontais eachtracha a mheastar gur dócha go ndéanfaidh siad saobhadh sa mhargadh inmheánach. ***Ba cheart go gcuirfeadh an Coimisiún san áireamh freisin éifeachtaí dearfacha na bhfóirdheontas a thugtar chun suaití tromchúiseacha náisiúnta nó domhanda sa gheilleagar a leigheas. Ba cheart don Choimisiún treoirlínte a fhorbairt maidir le cur i bhfeidhm na tástála cothromaithe, lena n-áirítear na critéir a bheidh le húsáid.***

Dé Céadaoin 4. Bealtaine 2022

Leasú 11

Togra le haghaidh rialacháin

Aithris 20 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(20a) D'fhéadfadh an gnóthas atá faoi imscrúdú a thairiscint nó d'fhéadfadh an Coimisiún ceangal a chur ar na gnóthais lena mbaineann fógra a thabhairt don Choimisiún maidir lena rannpháirtíocht i nósanna imeachta um sholáthar poiblí amach anseo san Aontas ar feadh tréimhse iomchuí ama. Ní fhéadfaidh ionchais dhlisteanacha ar thaobh an ghnóthais a bheith mar thoradh ar chur isteach an fhógra sin, nó ar an bhfreagra ón gCoimisiún nó ar an easpa freagartha, nach bhféadfaidh an Coimisiún, tráth níos déanaí, tús a chur le himscrúdú ar fhóirdheontais choigríche fhéideartha chuig an ngnóthas atá rannpháirteach sa nós imeachta soláthair phoiblí.

Leasú 12

Togra le haghaidh rialacháin

Aithris 21

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(21) Ba cheart an chumhacht a bheith ag an gCoimisiún, ar a thionscnamh féin, scrúdú a dhéanamh ar aon fhaisnéis maidir le fóirdheontais eachtracha. Chuige sin, is gá nós imeachta a bhunú ina mbeidh dhá chéim, eadhon athbhreithniú tosaigh agus imscrúdú domhain.	(21) Ba cheart an chumhacht a bheith ag an gCoimisiún, ar a thionscnamh féin, scrúdú a dhéanamh ar aon fhaisnéis maidir le fóirdheontais eachtracha. Chuige sin, is gá nós imeachta a bhunú ina mbeidh dhá chéim, eadhon athbhreithniú tosaigh agus imscrúdú domhain. ***Ba cheart don Choimisiún treoir a fhoilsiú maidir leis na critéir chun an nós imeachta sin a thosú. Ba cheart go mbeadh an Coimisiún in ann gníomhú ar fhaisnéis a fhaightear ó aon fhoinse ábhartha, lena n-áirítear Ballstáit agus gnóthais nó comhpháirtithe sóisialta ar fud an Aontais. Ba cheart don Choimisiún pointe teagmhála a bhunú chuige sin.***

Dé Céadaoin 4. Bealtaine 2022

Leasú 13

Togra le haghaidh rialacháin

Aithris 22

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(22) Ba cheart cumhachtaí imscrúdaitheacha ***leordhóthanacha*** a thabhairt don Choimisiún chun an fhaisnéis uile is gá a bhailiú. Dá bhrí sin, ba cheart go mbeadh sé de chumhacht aige faisnéis a iarraidh ar aon ghnóthas nó ar aon chomhlachas gnóthas le linn an nós imeachta iomláin. Chomh maith leis sin, ba cheart an chumhacht a bheith ag an gCoimisiún fíneálacha agus íocaíochtaí pionósacha tréimhsiúla a fhorchur mar gheall ar mhainneachtain an fhaisnéis a iarrtar a chur ar fáil go tráthúil nó as faisnéis neamhiomlán, mhícheart nó mhíthreorach a sholáthar. D'fhéadfadh an Coimisiún ceisteanna a chur ar na Ballstáit nó ar thríú tíortha freisin. Thairis sin, ba cheart an chumhacht a bheith ag an gCoimisiún cuairteanna aimsithe faisnéise a thabhairt ar áitreabh Aontais an ghnóthais, nó, faoi réir é a bheith comhaontaithe ag an ***ngnóthas agus an*** tríú tír lena mbaineann, ar áitreabh an ghnóthais sa tríú tír. Ba cheart go mbeadh sé de chumhacht ag an gCoimisiún freisin cinntí a dhéanamh ar bhonn na bhfíoras atá ar fáil mura gcomhoibríonn an gnóthas atá i gceist.	(22) Ba cheart cumhachtaí ***agus acmhainní*** imscrúdaitheacha ***iomchuí*** a thabhairt don Choimisiún chun an fhaisnéis uile is gá a bhailiú. Dá bhrí sin, ba cheart go mbeadh sé de chumhacht aige faisnéis a iarraidh ar aon ghnóthas nó ar aon chomhlachas gnóthas le linn an nós imeachta iomláin. Chomh maith leis sin, ba cheart an chumhacht a bheith ag an gCoimisiún fíneálacha agus íocaíochtaí pionósacha tréimhsiúla a fhorchur mar gheall ar mhainneachtain an fhaisnéis a iarrtar a chur ar fáil go tráthúil nó as faisnéis neamhiomlán, mhícheart nó mhíthreorach a sholáthar. ***Ar mhaithe le gné athchomhairleach an Rialacháin seo a threisiú, ba cheart an deis a bheith ann bearta sásaimh, gealltanais, fíneálacha agus íocaíochtaí pionósacha tréimhsiúla a chur i bhfeidhm go comhuaineach más gá.*** D'fhéadfadh an Coimisiún ceisteanna a chur ar na Ballstáit nó ar thríú tíortha freisin. Thairis sin, ba cheart an chumhacht a bheith ag an gCoimisiún cuairteanna aimsithe faisnéise a thabhairt ar áitreabh Aontais an ghnóthais, nó, faoi réir é a bheith comhaontaithe ag an tríú tír lena mbaineann, ar áitreabh an ghnóthais sa tríú tír. Ba cheart go mbeadh sé de chumhacht ag an gCoimisiún freisin cinntí a dhéanamh ar bhonn na bhfíoras atá ar fáil mura gcomhoibríonn an gnóthas atá i gceist.

Leasú 14

Togra le haghaidh rialacháin

Aithris 26

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(26) Ba cheart ionstraimí iomchuí a bheith ag an gCoimisiún chun éifeachtacht na ngealltanas agus na mbeart sásaimh a áirithiú. Mura gcomhlíonann an gnóthas lena mbaineann cinneadh lena ngabhann gealltanais, cinneadh lena bhforchuirtear bearta sásaimh, nó cinneadh lena n-ordaítear bearta eatramhacha, ba cheart an chumhacht a bheith ag an gCoimisiún fíneálacha agus íocaíochtaí pionósacha tréimhsiúla a fhorchur.	(26) Ba cheart ionstraimí iomchuí a bheith ag an gCoimisiún chun éifeachtacht na ngealltanas agus na mbeart sásaimh a áirithiú. Mura gcomhlíonann an gnóthas lena mbaineann cinneadh lena ngabhann gealltanais, cinneadh lena bhforchuirtear bearta sásaimh, nó cinneadh lena n-ordaítear bearta eatramhacha, ba cheart an chumhacht a bheith ag an gCoimisiún fíneálacha agus íocaíochtaí pionósacha tréimhsiúla a fhorchur ***atá sách athchomhairleach. Ba cheart don Choimisiún cásanna ath-neamhchomhlíonta a thabhairt san áireamh agus íocaíochtaí pionósacha tréimhsiúla á bhfochur aige. Ba cheart don Choimisiún athbhreithniú a dhéanamh ar éifeachtacht na mbeart sin.***

Dé Céadaoin 4. Bealtaine 2022

Leasú 15

Togra le haghaidh rialacháin

Aithris 31

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(31) Faoi bhun na dtairseach fógartha, ***d'fhéadfadh*** an Coimisiún a éileamh go dtabharfaí fógra faoi chomhchruinnithe a d'fhéadfadh a bheith fóirdheonaithe agus nár cuireadh chun feidhme fós nó go dtabharfaí fógra faoi thairiscintí a d'fhéadfadh a bheith fóirdheonaithe sula ndámhfar conradh poiblí, má mheasann sé go mbeadh athbhreithniú *ex-ante* tuillte ag an gcomhchruinniú nó ag an tairiscint de bharr an tionchair a bheadh acu san Aontas. Ba cheart an deis a bheith ag an gCoimisiún freisin athbhreithniú a dhéanamh, ar a thionscnamh féin, ar chomhchruinnithe atá curtha chun feidhme cheana nó ar chonarthaí poiblí a bronnadh.	(31) Faoi bhun na dtairseach fógartha, ***ba cheart don Choimisiún*** a éileamh go dtabharfaí fógra faoi chomhchruinnithe a d'fhéadfadh a bheith fóirdheonaithe agus nár cuireadh chun feidhme fós nó go dtabharfaí fógra faoi thairiscintí a d'fhéadfadh a bheith fóirdheonaithe sula ndámhfar conradh poiblí, má mheasann sé go mbeadh athbhreithniú *ex-ante* tuillte ag an gcomhchruinniú nó ag an tairiscint de bharr an tionchair a bheadh acu san Aontas. Ba cheart an deis a bheith ag an gCoimisiún freisin athbhreithniú a dhéanamh, ar a thionscnamh féin, ar chomhchruinnithe atá curtha chun feidhme cheana nó ar chonarthaí poiblí a bronnadh.

Leasú 16

Togra le haghaidh rialacháin

Aithris 32 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(32a) I gcomhthéacs an tsásra athbhreithnithe ex ante do chomhchruinnithe, ba cheart go mbeadh na gnóthais lena mbaineann in ann comhairliúcháin réamhfhógartha a iarraidh leis an gCoimisiún bunaithe ar mheon macánta, leis an aidhm eisiach treoir a fháil maidir le cibé acu ar comhlíonadh nó nár comhlíonadh na tairseacha foirmeálta.

Leasú 17

Togra le haghaidh rialacháin

Aithris 35

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(35) Ba cheart a áirithiú go n-urramófar na prionsabail lena rialaítear soláthar poiblí, go háirithe an chomhréireacht, an neamh-idirdhealú, an chóir chomhionann agus an trédhearcacht, i ndáil le gach gnóthas atá rannpháirteach sa nós imeachta soláthair phoiblí, beag beann ar imscrúduithe a thionscnaítear agus atá ar feitheamh de bhun an Rialacháin seo.	(35) Ba cheart a áirithiú go n-urramófar na prionsabail lena rialaítear soláthar poiblí, go háirithe an chomhréireacht, an neamh-idirdhealú, an chóir chomhionann agus an trédhearcacht, i ndáil le gach gnóthas atá rannpháirteach sa nós imeachta soláthair phoiblí, gan beann ar imscrúduithe a thionscnaítear agus atá ar feitheamh de bhun an Rialacháin seo. ***Tá an Rialachán seo gan dochar do Threoracha 2014/23/AE, 2014/24/AE agus 2014/25/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann leis na hoibleagáidí is infheidhme i réimsí an dlí comhshaoil, shóisialta agus saothair.***

Dé Céadaoin 4. Bealtaine 2022

Leasú 18

Togra le haghaidh rialacháin

Aithris 36

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(36) Maidir le fóirdheontais eachtracha lena gcumasaítear do ghnóthas tairiscint a chur isteach, ar tairiscint í a bhfuil buntáiste míchuí ag baint léi, i ndáil leis na hoibreacha, na soláthairtí nó na seirbhísí lena mbaineann, ba cheart a mheas go gcruthaíonn siad saobhadh iarbhír nó féideartha i nós imeachta soláthair phoiblí. Dá bhrí sin, ba cheart an saobhadh sin a mheasúnú ar bhonn na sraithe táscairí neamh-uileghabhálaí a thuairiscítear in aithrisí 13 agus 14 agus ar bhonn choincheap na tairisceana a bhfuil buntáiste míchuí ag baint léi. Leis na táscairí, ba cheart go mbeifí in ann a chinneadh conas a dhéanann an fóirdheontas eachtrach an iomaíocht a shaobhadh trí staid iomaíochta gnóthais a fheabhsú agus trína chur ar a chumas tairiscint a chur isteach a bhfuil buntáiste míchuí ag baint léi. Ba cheart an deis a thabhairt do ghnóthais bonn cirt a thabhairt nach bhfuil buntáiste míchuí ag baint leis an tairiscint, lena n-áirítear trí na heilimintí dá dtagraítear in Airteagal 69(2) de Threoir 2014/24/AE a thabhairt ar aird. Níor cheart an toirmeasc ar dhámhachtain a chur i bhfeidhm ach amháin i gcás nach féidir bonn cirt a thabhairt do chineál buntáisteach na tairisceana a thairbhíonn d'fhóirdheontais eachtracha, dá ndámhfaí an conradh don tairiscint agus nár thairg an gnóthas a chuir an tairiscint isteach gealltanais iomchuí agus leordhóthanach chun an saobhadh a bhaint go hiomlán agus go héifeachtach.	(36) Maidir le fóirdheontais eachtracha lena gcumasaítear do ghnóthas tairiscint a chur isteach, ar tairiscint í a bhfuil buntáiste míchuí ag baint léi, i ndáil leis na hoibreacha, na soláthairtí nó na seirbhísí lena mbaineann, ba cheart a mheas go gcruthaíonn siad saobhadh iarbhír nó féideartha i nós imeachta soláthair phoiblí. Dá bhrí sin, ba cheart an saobhadh sin a mheasúnú ar bhonn na sraithe táscairí neamh-uileghabhálaí a thuairiscítear in aithrisí 13 agus 14 agus ar bhonn choincheap na tairisceana a bhfuil buntáiste míchuí ag baint léi. Leis na táscairí, ba cheart go mbeifí in ann a chinneadh conas a dhéanann an fóirdheontas eachtrach an iomaíocht a shaobhadh trí staid iomaíochta gnóthais a fheabhsú agus trína chur ar a chumas tairiscint a chur isteach a bhfuil buntáiste míchuí ag baint léi. Ba cheart an deis a thabhairt do ghnóthais bonn cirt a thabhairt nach bhfuil buntáiste míchuí ag baint leis an tairiscint, lena n-áirítear trí na heilimintí dá dtagraítear in Airteagal 69(2) de Threoir 2014/24/AE a thabhairt ar aird. Níor cheart an toirmeasc ar dhámhachtain a chur i bhfeidhm ach amháin i gcás nach féidir bonn cirt a thabhairt do chineál buntáisteach na tairisceana a thairbhíonn d'fhóirdheontais eachtracha, dá ndámhfaí an conradh don tairiscint agus nár thairg an gnóthas a chuir an tairiscint isteach gealltanais iomchuí agus leordhóthanach chun an saobhadh a bhaint go hiomlán agus go héifeachtach. ***Mar thoradh ar chinneadh a ghlacadh lena gcuirtear toirmeasc ar dhámhachtain an chonartha, déantar an gnóthas lena mbaineann a eisiamh ó rannpháirtíocht sa nós imeachta soláthair phoiblí.***

Dé Céadaoin 4. Bealtaine 2022

Leasú 19

Togra le haghaidh rialacháin

Aithris 37

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(37) Agus cineál an tsásra athbhreithnithe *ex ante* le haghaidh chomhchruinnithe agus dámhachtainí soláthair phoiblí á gcur san áireamh, agus an gá atá le deimhneacht dhlíthiúil maidir leis na hidirbhearta sonracha sin, ní féidir leis an gCoimisiún athbhreithniú a dhéanamh arís ar a thionscnamh féin ar chomhchruinniú nó ar thairiscint soláthair phoiblí ar tugadh fógra ina leith agus a measúnaíodh faoi na nósanna imeachta. Maidir le ranníocaíochtaí airgeadais ar cuireadh an Coimisiún ar an eolas fúthu tríd an nós imeachta um fhógra a thabhairt, d'fhéadfadh sé, áfach, go mbeadh siad ábhartha lasmuigh den chomhchruinniú nó den nós imeachta soláthair. Chun faisnéis a bhailiú faoi fhóirdheontais eachtracha, ba cheart an deis a bheith ag an gCoimisiún imscrúduithe a sheoladh ar earnálacha sonracha den gheilleagar, ar chineálacha áirithe gníomhaíochta eacnamaíche nó ar úsáid ionstraimí áirithe fóirdheontais eachtracha.	(37) Agus cineál an tsásra athbhreithnithe *ex ante* le haghaidh chomhchruinnithe agus dámhachtainí soláthair phoiblí á gcur san áireamh, agus an gá atá le deimhneacht dhlíthiúil maidir leis na hidirbhearta sonracha sin, ní féidir leis an gCoimisiún athbhreithniú a dhéanamh arís ar a thionscnamh féin ar chomhchruinniú nó ar thairiscint soláthair phoiblí ar tugadh fógra ina leith agus a measúnaíodh faoi na nósanna imeachta. Maidir le ranníocaíochtaí airgeadais ar cuireadh an Coimisiún ar an eolas fúthu tríd an nós imeachta um fhógra a thabhairt, d'fhéadfadh sé, áfach, go mbeadh siad ábhartha lasmuigh den chomhchruinniú nó den nós imeachta soláthair. Chun faisnéis a bhailiú faoi fhóirdheontais eachtracha, ba cheart an deis a bheith ag an gCoimisiún imscrúduithe a sheoladh ar earnálacha sonracha den gheilleagar, ar chineálacha áirithe gníomhaíochta eacnamaíche nó ar úsáid ionstraimí áirithe fóirdheontais eachtracha. ***Ba cheart go mbeadh an Coimisiún in ann an fhaisnéis a fuarthas ó na himscrúduithe margaidh sin a úsáid sa chreat nósanna imeachta faoin Rialachán seo.***

Leasú 20

Togra le haghaidh rialacháin

Aithris 43

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(43) Ba cheart don Aontas an Rialachán seo a chur chun feidhme i gcomhréir le dlí an Aontais agus le Comhaontú EDT agus ba cheart dó a bheith comhsheasmhach leis na gealltanais a tugadh faoi chomhaontuithe eile trádála agus infheistíochta ar páirtithe iontu an tAontas nó na Ballstáit.	(43) Ba cheart don Aontas an Rialachán seo a chur chun feidhme i gcomhréir le dlí an Aontais agus le Comhaontú EDT agus ba cheart dó a bheith comhsheasmhach leis na gealltanais a tugadh faoi chomhaontuithe eile trádála agus infheistíochta ar páirtithe iontu an tAontas nó na Ballstáit. ***Ba cheart go mbeadh an Rialachán seo gan dochar d'fhorbairt rialacha iltaobhacha chun aghaidh a thabhairt ar fhóirdheontais shaobhacha.***

Dé Céadaoin 4. Bealtaine 2022

Leasú 21

Togra le haghaidh rialacháin

Aithris 43 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(43a) Chun forbairt rialacha iltaobhacha a spreagadh chun aghaidh a thabhairt ar fhóirdheontais shaobhacha agus ar na bunchúiseanna leo, is gá idirphlé tríú tír a chur ar bun. I gcás ina bhfaigheann an Coimisiún amach gurb ann d'fhóirdheontais eachtracha shaobhacha shistéamacha, nó i gcás ina gcreideann sé gurb ann dóibh, ba cheart go mbeadh sé in ann dul i mbun idirphlé leis an tríú tír atá i gceist chun roghanna atá dírithe ar scor nó ar mhodhnú na bhfóirdheontas saobhach a fháil d'fhonn deireadh a chur lena n-éifeachtaí saobhacha sa mhargadh inmheánach. I gcás ina bhforáiltear i gcomhaontú déthaobhach idir an tAontas agus tríú tír do shásra comhairliúcháin lena gcumhdaítear fóirdheontais eachtracha shaobhacha shistéamacha a thagann faoi raon feidhme an Rialacháin seo, ba cheart an sásra sin a úsáid chun an t-idirphlé i dtríú tír a éascú. Ba cheart freisin go mbeadh an Coimisiún in ann iarracht a dhéanamh scor nó modhnú na bhfóirdheontas eachtrach saobhach a fháil tríd an ábhar a ardú in aon fhóram ábhartha idirnáisiúnta nó trí chomhar le haon tríú tír eile a ndéanann na fóirdheontais shaobhacha shistéamacha chéanna difear di, nó le haon tríú tír leasmhar. Níor cheart go gcuirfeadh an t-idirphlé sin bac ar an gCoimisiún imscrúduithe a oscailt nó leanúint leo faoin Rialachán seo, ná níor cheart go mbeadh sé ina rogha mhalartach ar bhearta sásaimh. Ba cheart don Choimisiún, gan moill mhíchuí, Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle a chur ar an eolas faoi fhorbairtí ábhartha.

Dé Céadaoin 4. Bealtaine 2022

Leasú 22

Togra le haghaidh rialacháin

Aithris 47

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(47) Chun coinníollacha aonfhoirmeacha a áirithiú maidir le cur chun feidhme an Rialacháin seo, ba cheart cumhachtaí cur chun feidhme a thabhairt don Choimisiún ***i gcomhréir le hAirteagal 291 den Chonradh***. Ba cheart na cumhachtaí sin a fheidhmiú chun foirm agus inneachar na bhfógraí maidir le comhchruinnithe agus na ranníocaíochtaí airgeadais a leagan amach i gcomhthéacs nósanna imeachta soláthair phoiblí, sonraí maidir le nochtadh, foirm agus inneachar na gceanglas trédhearcachta, ríomh na dteorainneacha ama, coinníollacha agus teorainneacha ama le haghaidh gealltanais agus rialacha mionsonraithe maidir leis na céimeanna nós imeachta a bhaineann le himscrúduithe i ndáil le nósanna imeachta soláthair phoiblí. Ba cheart na cumhachtaí sin a fheidhmiú i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.	(47) Chun coinníollacha aonfhoirmeacha a áirithiú maidir leis an Rialachán seo a chur chun feidhme, ba cheart cumhachtaí cur chun feidhme a thabhairt don Choimisiún. Ba cheart na cumhachtaí sin a fheidhmiú chun foirm agus inneachar na bhfógraí maidir le comhchruinnithe agus na ranníocaíochtaí airgeadais a leagan amach i gcomhthéacs nósanna imeachta soláthair phoiblí, sonraí maidir le nochtadh, foirm agus inneachar na gceanglas trédhearcachta, ríomh na dteorainneacha ama, coinníollacha agus teorainneacha ama le haghaidh gealltanais agus rialacha mionsonraithe maidir leis na céimeanna nós imeachta a bhaineann le himscrúduithe i ndáil le nósanna imeachta soláthair phoiblí. Ba cheart na cumhachtaí sin a fheidhmiú i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 182/2011. ***Ba cheart don Choimisiún na cumhachtaí cur chun feidhme sin a fheidhmiú den chéad uair tráth nach déanaí ná bliain amháin tar éis theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo.***

Leasú 23

Togra le haghaidh rialacháin

Aithris 47 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(47a) Ba cheart an deis a bheith ag an gCoimisiún nós imeachta simplithe a bhunú ina gcaitheann an Coimisiún le comhchruinnithe áirithe nó le nós imeachta um sholáthar poiblí áirithe ar an mbonn go ndealraíonn sé gur lú an seans go gcruthóidh siad saobhadh iomaíochta ar an margadh inmheánach de bharr fóirdheontais eachtracha.

Dé Céadaoin 4. Bealtaine 2022

Leasú 24

Togra le haghaidh rialacháin

Aithris 48

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(48) Chun cothrom iomaíochta a áirithiú sa mhargadh inmheánach san fhadtéarma, d'fhonn a áirithiú go gcumhdófar go leordhóthanach cásanna a imscrúdaítear trí fhógraí agus *ex officio* araon, ba cheart ***an chumhacht chun gníomhartha a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290*** den ***Chonradh a tharmligean chuig an gCoimisiún*** i ndáil le leasú a dhéanamh ar na tairseacha fógartha maidir le comhchruinnithe agus nósanna imeachta soláthair phoiblí, catagóirí áirithe gnóthas a dhíolmhú ó na hoibleagáidí maidir le fógra a thabhairt faoin Rialachán seo, chomh maith le léasú a dhéanamh ar na teorainneacha ama maidir leis an athbhreithniú tosaigh agus na himscrúduithe doimhne ar chomhchruinnithe ar tugadh fógra ina leith nó ranníocaíochtaí poiblí ar tugadh fógra ina leith. Maidir le ranníocaíochtaí airgeadais i gcomhthéacs nós imeachta soláthair phoiblí, ba cheart ***an chumhacht chun na gníomhartha sin a ghlacadh a fheidhmiú*** ar bhealach lena gcuirtear leasanna FBManna san áireamh. ***Tá sé tábhachtach, go háirithe, go rachadh*** an Coimisiún ***i mbun comhairliúcháin iomchuí agus na gníomhartha sin á n-ullmhú, lena n-áirítear ar leibhéal na saineolaithe, agus go ndéanfaí na comhairliúcháin sin i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr ([47]). Go sonrach, chun rannpháirtíocht chomhionann in ullmhú na ngníomhartha tarmligthe a áirithiú,*** ba cheart ***do Pharlaimint na hEorpa agus an Chomhairle na doiciméid uile a fháil ag an am céanna leis na saineolaithe sna Ballstáit, agus ba cheart rochtain chórasach a bheith ag a gcuid saineolaithe ar chruinnithe ghrúpaí saineolaithe an Choimisiúin a bhíonn ag déileáil le hullmhú na ngníomhartha tarmligthe***.	(48) Chun cothrom iomaíochta a áirithiú sa mhargadh inmheánach san fhadtéarma freisin, d'fhonn a áirithiú go gcumhdófar go leormaith cásanna a imscrúdaítear trí fhógraí agus *ex officio* araon, ba cheart ***don Choimisiún meastóireacht a dhéanamh ar fheidhmiú agus ar éifeachtacht an Rialacháin seo, lena n-áirítear*** ar na ***tairseacha fógartha a leagtar amach in Airteagail 18 agus 27, dhá bhliain ar a dhéanaí tar éis a theacht i bhfeidhm, agus gach trí bliana ina dhiaidh sin, agus an mheastóireacht sin a thíolacadh trí thuarascáil a chur faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle***. ***Ba cheart go cuimseofaí measúnú sa tuarascáil sin*** ar cheart ***leasú a dhéanamh ar an Rialachán seo***. I gcás ina moltar sa tuarascáil ***an Rialachán a leasú, féadfaidh togra reachtach a bheith ag gabháil leis, go háirithe*** i ndáil le leasú a dhéanamh ar na tairseacha fógartha maidir le comhchruinnithe agus nósanna imeachta soláthair phoiblí, catagóirí áirithe gnóthas a dhíolmhú ó na hoibleagáidí maidir le fógra a thabhairt faoin Rialachán seo***, tairseacha fógartha níos ísle a thabhairt isteach a bhaineann go sonrach le hearnálacha eacnamaíocha áirithe nó tairseacha difreáilte le haghaidh cineálacha éagsúla conarthaí soláthair phoiblí***, chomh maith le léasú a dhéanamh ar na teorainneacha ama maidir leis an athbhreithniú tosaigh agus na himscrúduithe doimhne ar chomhchruinnithe ar tugadh fógra ina leith nó ranníocaíochtaí poiblí ar tugadh fógra ina leith. Maidir le ranníocaíochtaí airgeadais i gcomhthéacs nós imeachta soláthair phoiblí, ba cheart an ***mheastóireacht a chur i gcrích*** ar bhealach lena gcuirtear leasanna FBManna san áireamh. ***Ba cheart don Choimisiún úsáid a bhaint as measúnú costais is tairbhe cainníochtaithe agus measúnú ex-ante ar an tionchar ar infheistíochtaí agus ar leas tomhaltóirí. Le linn a mheastóireachta,*** ba cheart don Choimisiún ***breithniú a dhéanamh ar an Rialachán seo a aisghairm, má mheasann sé go bhfuil an Rialachán seo iomarcach go hiomlán de dheasca rialacha iltaobhacha a fhorbairt chun aghaidh a thabhairt ar fhóirdheontais shaobhacha***.

([47]) ***Comhaontú Idirinstitiúideach idir Parlaimint na hEorpa, Comhairle an Aontais Eorpaigh agus an Coimisiún Eorpach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr (IO L 123, 12.5.2016, lch. 1).***

Dé Céadaoin 4. Bealtaine 2022

Leasú 25

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 1 – mír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(1) Leis an Rialachán seo, leagtar síos rialacha agus nósanna imeachta maidir le himscrúdú a dhéanamh ar fhóirdheontais eachtracha a bhfuil an margadh inmheánach á shaobhadh acu agus maidir leis an saobhadh sin a cheartú. D'fhéadfadh an saobhadh sin teacht chun cinn i ndáil le haon gníomhaíocht eacnamaíoch, agus go háirithe i gcomhchruinnithe agus i nósanna imeachta soláthair phoiblí.	(1) Leis an Rialachán seo, leagtar síos rialacha agus nósanna imeachta maidir le himscrúdú a dhéanamh ar fhóirdheontais eachtracha a bhfuil an margadh inmheánach á shaobhadh acu agus maidir leis an saobhadh sin a cheartú***, d'fhonn cothrom iomaíochta a áirithiú***. D'fhéadfadh an saobhadh sin teacht chun cinn i ndáil le haon ghníomhaíocht eacnamaíoch, agus go háirithe i gcomhchruinnithe agus i nósanna imeachta soláthair phoiblí.

Leasú 26

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 2 – mír 2 – pointe a – an chuid réamhráiteach

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(a) áireofar an méid seo a leanas i ranníocaíocht:	(a) áireofar an méid seo a leanas***, inter alia,*** i ranníocaíocht airgeadais:

Leasú 27

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 2 – mír 2 – pointe a – pointe i

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(i) aistriú cistí nó dliteanas, amhail instealltaí caipitil, deontais, iasachtaí, ráthaíochtaí iasachta, dreasachtaí fioscacha, fritháireamh caillteanas oibriúcháin, cúiteamh ar ualaí airgeadais a d'fhorchuir údaráis phoiblí, maitheamh fiachais, babhtálacha fiachais ar chothromas nó athsceidealú;	(i) aistriú ***cistí nó*** dliteanas, amhail instealltaí caipitil, deontais, iasachtaí, ráthaíochtaí iasachta, dreasachtaí fioscacha***, díolúintí cánach,*** fritháireamh caillteanas oibriúcháin, cúiteamh ar ualaí airgeadais a d'fhorchuir údaráis phoiblí, maitheamh fiachais, babhtálacha fiachais ar chothromas nó athsceidealú;

Dé Céadaoin 4. Bealtaine 2022

Leasú 28

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 2 – mír 2 – pointe a – pointe ii

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(ii) ioncam leanúnach atá dlite thairis sin; ***nó***	(ii) ioncam leanúnach atá dlite thairis sin;

Leasú 29

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 2 – mír 2 – pointe a – pointe ii a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(iia) cearta speisialta nó eisiacha nach bhfuarthas luach saothair leormhaith ina leith; nó

Leasú 30

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 2 – mír 2 – pointe a – pointe iii

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(iii) soláthar earraí nó seirbhísí nó ceannach earraí ***agus*** seirbhísí;	(iii) soláthar earraí nó seirbhísí nó ceannach earraí ***nó*** seirbhísí, ***mura rud é go ndéantar an soláthar nó an ceannach sin tar éis nós imeachta tairisceana iomaíoch, trédhearcach, neamh-idirdhealaitheach agus neamhchoinníollach***;

Leasú 31

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 3 – mír 1 – an chuid réamhráiteach

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(1) Measfar saobhadh sa mhargadh inmheánach a bheith ann i gcás inar dócha go bhfeabhsódh fóirdheontas eachtrach staid iomaíochta an ghnóthais lena mbaineann sa mhargadh inmheánach agus, ar an gcaoi sin, go mbeadh tionchar diúltach iarbhír nó féideartha á imirt aige ar an iomaíocht sa mhargadh inmheánach. Cinnfear cibé acu an ann do shaobhadh sa mhargadh inmheánach ar bhonn táscairí, lena ***bhféadfar*** an méid seo a leanas a áireamh:	(1) Measfar saobhadh sa mhargadh inmheánach a bheith ann i gcás inar dócha go bhfeabhsódh fóirdheontas eachtrach staid iomaíochta an ghnóthais lena mbaineann sa mhargadh inmheánach agus, ar an gcaoi sin, go mbeadh tionchar diúltach iarbhír nó féideartha á imirt aige ar an iomaíocht sa mhargadh inmheánach. Cinnfear cibé acu an ann do shaobhadh sa mhargadh inmheánach ar bhonn táscairí, lena ***ndéanfar*** an méid seo a leanas***, inter alia,*** a áireamh:

Dé Céadaoin 4. Bealtaine 2022

Leasú 32

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 3 – mír 1 – pointe c

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(c) staid an ghnóthais agus na margaí lena mbaineann;	(c) staid an ghnóthais***, lena n-áirítear a mhéid,*** agus na margaí lena mbaineann ***agus go háirithe measúnú ar cibé an bhfuil an gnóthas lena mbaineann ag feidhmiú faoi úinéireacht, faoi rialú, faoi mhaoirseacht bheartais nó faoi threoir údaráis an tríú tír***;

Leasú 33

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 3 – mír 1 – pointe d

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(d) leibhéal ghníomhaíocht eacnamaíoch an ghnóthais lena mbaineann sa mhargadh inmheánach;	(d) leibhéal ***agus éabhlóid*** ghníomhaíocht eacnamaíoch an ghnóthais lena mbaineann sa mhargadh inmheánach ***agus ar a mhargadh intíre***;

Leasú 34

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 3 – mír 2

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(2) Ní dócha go ndéanfaidh fóirdheontas eachtrach saobhadh sa mhargadh inmheánach más rud é gur faoi bhun EUR ***5*** mhilliún é ina iomláine thar aon tréimhse leantach trí bliana fhioscacha.	(2) Ní dócha go ndéanfaidh fóirdheontas eachtrach saobhadh sa mhargadh inmheánach más rud é gur faoi bhun EUR ***4*** mhilliún é ina iomláine thar aon tréimhse leantach trí bliana fhioscacha.

Dé Céadaoin 4. Bealtaine 2022

Leasú 35

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 3 – mír 2 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(2a) Féadfaidh an Coimisiún breithniú a dhéanamh an bhfuil córas i bhfeidhm ag an tríú tír chun measúnú ar fhóirdheontais a dhéanamh, inar chinn an Coimisiún go gcuirtear ráthaíochtaí ar fáil, sa dlí agus i gcleachtas, go bhfuil ann don leibhéal cosanta i gcoinne idirghabháil mhíchuí stáit i bhfórsaí an mhargaidh agus in iomaíocht éagórach atá comhionann ar a laghad leis an leibhéal cosanta laistigh den Aontas, cibé an ndearnadh an fóirdheontas a imréiteach faoin gcóras sin agus an ndealraíonn sé go bhfuil an t-imréiteach sin ábhartha freisin maidir leis na héifeachtaí ar an margadh inmheánach.

Leasú 36

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 3 – mír 2 b (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(2b) Chun éifeachtúlacht agus trédhearcacht a áirithiú, foilseoidh an Coimisiún treoirlínte maidir le cur i bhfeidhm an Airteagail seo 24 mhí ar a dhéanaí tar éis theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo, lena n-áirítear mínithe agus samplaí faoin gcaoi a gcuirfear gach táscaire i bhfeidhm. Déanfaidh an Coimisiún, i ndlúthchomhar leis na Ballstáit, na treoirlínte sin a thabhairt cothrom le dáta go tráthrialta agus Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle a choimeád ar an eolas.

Leasú 37

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 4 – mír 1 – pointe 2 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(2a) fóirdheontas maoinithe onnmhairiúcháin arna dheonú ag tríú tír nach sínitheoir í le Socrú ECFE maidir le creidmheasanna onnmhairiúcháin arna dtacú go hoifigiúil;

Dé Céadaoin 4. Bealtaine 2022

Leasú 38

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 4 – mír 1 – pointe 2 b (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(2b) fóirdheontas eachtrach do ghnóthas atá gníomhach in earnáil a bhfuil ró-acmhainneacht struchtúrtha ina saintréith aici;

Leasú 39

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 5 – mír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(1) ***Déanfaidh*** an Coimisiún, má tá údar leis, éifeachtaí diúltacha an fhóirdheontais eachtraigh maidir le saobhadh sa mhargadh inmheánach a chúiteamh le héifeachtaí dearfacha ar fhorbairt na gníomhaíochta eacnamaíche ábhartha.	(1) ***Féadfaidh*** an Coimisiún, má tá údar leis, éifeachtaí diúltacha an fhóirdheontais eachtraigh maidir le saobhadh sa mhargadh inmheánach a chúiteamh le héifeachtaí dearfacha ar fhorbairt na gníomhaíochta eacnamaíche ábhartha ***ar an margadh inmheánach***.

Leasú 40

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 5 – mír 2 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(2a) Ar a dhéanaí 24 mhí tar éis theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo, foilseoidh an Coimisiún treoirlínte maidir le cur chun feidhme an Airteagail seo, lena n-áirítear ar na critéir a úsáidtear sa chothromú. Déanfaidh an Coimisiún, i ndlúthchomhar leis na Ballstáit, na treoirlínte sin a thabhairt cothrom le dáta go tráthrialta agus Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle a choimeád ar an eolas.

Leasú 41

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 6 – mír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(1) Chun an saobhadh sa mhargadh inmheánach a leigheas, ar saobhadh iarbhír nó féideartha é mar thoradh ar fhóirdheontas eachtrach, ***féadfaidh an Coimisiún bearta sásaimh a fhorchur***. ***Féadfaidh an*** gnóthas lena mbaineann ***gealltanais a thairiscint freisin***.	(1) ***Gan dochar d'Airteagal 5, forchuirfidh an Coimisiún bearta sásaimh chun an*** saobhadh sa mhargadh inmheánach a leigheas, ar saobhadh iarbhír nó féideartha é mar thoradh ar fhóirdheontas eachtrach***, ach amháin más rud é gur ghlac sé gealltanais a thairgeann*** an gnóthas lena mbaineann ***de bhun mhír 1a***.

Dé Céadaoin 4. Bealtaine 2022

Leasú 42

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 6 – mír 1 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(1a) Féadfaidh an Coimisiún glacadh leis na gealltanais a thairgeann an gnóthas lena mbaineann, i gcás ina leigheasfaidh na gealltanais sin an saobhadh ar an margadh inmheánach go hiomlán agus go héifeachtach. Trí ghlacadh leis na gealltanais sin, déanfaidh an Coimisiún iad a cheangal ar an ngnóthas i gcinneadh lena ngabhann gealltanais i gcomhréir le hAirteagal 9(3). Déanfaidh an Coimisiún faireachán go gcomhlíonann an gnóthas na gealltanais arna gcomhaontú.

Leasú 43

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 6 – mír 2

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(2) Le gealltanais nó bearta sásaimh déanfar an saobhadh sa mhargadh inmheánach atá mar thoradh ar fhóirdheontais eachtracha a leigheas go hiomlán agus go héifeachtach.	(2) Le gealltanais nó bearta sásaimh déanfar an saobhadh sa mhargadh inmheánach atá ***go hiarbhír*** mar thoradh ***nó a d'fhéadfadh a bheith mar thoradh*** ar fhóirdheontais eachtracha a leigheas go hiomlán agus go héifeachtach.

Leasú 44

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 6 – mír 3 – an chuid réamhráiteach

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(3) Féadfaidh an méid seo a leanas a bheith i gceist le gealltanais nó bearta sásaimh:	(3) Féadfaidh an méid seo a leanas***, inter alia,*** a bheith i gceist le gealltanais nó bearta sásaimh:

Leasú 45

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 6 – mír 3 – pointe a

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(a) rochtain a thairiscint faoi choinníollacha córa neamh-idirdhealaitheacha ar bhonneagar a fuair fóirdheontais eachtracha shaobhacha nó ar thacaigh na fóirdheontais sin leis ach amháin má fhoráiltear don rochtain chóir neamh-idirdhealaitheacha sin cheana féin le reachtaíochta atá i bhfeidhm san Aontas;	(a) rochtain a thairiscint faoi choinníollacha córa neamh-idirdhealaitheacha ar bhonneagar ***nó saoráid*** a fuair fóirdheontais eachtracha shaobhacha nó ar thacaigh na fóirdheontais sin leis nó léi ach amháin má fhoráiltear don rochtain chóir neamh-idirdhealaitheacha sin cheana féin le reachtaíochta atá i bhfeidhm san Aontas;

Dé Céadaoin 4. Bealtaine 2022

Leasú 46

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 6 – mír 3 – pointe b

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(b) acmhainneacht nó láithreacht sa mhargadh a laghdú;	(b) acmhainneacht nó láithreacht sa mhargadh a laghdú***, lena n-áirítear trí bhíthin gníomhaíocht tráchtála shealadach a chur ar an margadh inmheánach***;

Leasú 47

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 6 – mír 3 – pointe h a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(ha) ceangal a chur ar na gnóthais lena mbaineann fógra a thabhairt don Choimisiún faoi aon rannpháirtíocht i nósanna imeachta soláthair phoiblí san Aontas amach anseo go ceann tréimhse iomchuí i gcás ina bhfuil luach measta an chonartha phoiblí faoi bhun na dtairseach a leagtar amach in Airteagal 27.

Leasú 48

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 6 – mír 3 – pointe h b (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(hb) a cheangal ar na gnóthais atá i gceist a struchtúr rialachais a oiriúnú.

Leasú 49

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 6 – mír 4

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(4) ***Féadfaidh*** an Coimisiún ceanglais maidir le tuairisciú agus trédhearcacht a fhorchur.	(4) ***Déanfaidh*** an Coimisiún ceanglais maidir le tuairisciú agus trédhearcacht a fhorchur.

Dé Céadaoin 4. Bealtaine 2022

Leasú 50

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 6 – mír 5

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(5) Má thairgeann gnóthas gealltanais a leigheasann an saobhadh sa mhargadh inmheánach go hiomlán agus go héifeachtach, féadfaidh an Coimisiún glacadh leo agus iad a cheangal ar an ngnóthas i gcinneadh lena ngabhann gealltanais i gcomhréir le hAirteagal 9(3).	***scriosta***

Leasú 51

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 6 – mír 6

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(6) I gcás ina mbeartaíonn an gnóthas atá i gceist an fóirdheontas eachtrach a aisíoc, lena n-áirítear ráta úis iomchuí, glacfaidh an Coimisiún leis an aisíocaíocht sin mar ghealltanas ***más*** féidir leis a fháil amach an bhfuil an aisíocaíocht trédhearcach agus ***éifeachtach***, agus an riosca go dtiocfaí thart air á chur san áireamh.	(6) I gcás ina mbeartaíonn an gnóthas atá i gceist an fóirdheontas eachtrach a aisíoc, lena n-áirítear ráta úis iomchuí, ***ní ghlacfaidh*** an Coimisiún leis an aisíocaíocht sin mar ghealltanas ***ach amháin i gcás inar*** féidir leis a fhionnadh an bhfuil an aisíocaíocht trédhearcach ***agus an leigheasann sé na héifeachtaí saobhacha go héifeachtach agus go leormhaith,*** agus an riosca go dtiocfaí thart air á chur san áireamh.

Leasú 52

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 7 – mír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
Féadfaidh an Coimisiún, ar a thionscnamh féin, scrúdú a dhéanamh ar fhaisnéis ó aon fhoinse maidir le fóirdheontais eachtracha a líomhnaítear a bheith saobhach.	Féadfaidh an Coimisiún, ar a thionscnamh féin, scrúdú a dhéanamh ar fhaisnéis ó aon fhoinse***, lena n-áirítear ó Bhallstáit agus ó ghnóthais nó ó chomhpháirtithe sóisialta uile-Aontais***, maidir le fóirdheontais eachtracha a líomhnaítear a bheith saobhach. ***Bunóidh an Coimisiún pointe teagmhála trínar féidir an fhaisnéis sin a thuairisciú go rúnda.*** ***Cuirfidh an Coimisiún an t-údarás poiblí ar an eolas faoin obair leantach arna déanamh.*** ***Tiomsóidh na húdaráis phoiblí inniúla sonraí agus malartóidh siad sonraí leis an gCoimisiún.*** ***Foilseoidh an Coimisiún treoirlínte ar na critéir chun athbhreithniú ex officio a oscailt 24 mhí i ndiaidh theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo.***

Dé Céadaoin 4. Bealtaine 2022

Leasú 53

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 8 – mír 2 – pointe b

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(b) an gnóthas lena mbaineann a chur ar an eolas; agus	(b) an gnóthas lena mbaineann ***agus, i gcás inarb iomchuí, na Ballstáit*** a chur ar an eolas; agus

Leasú 54

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 8 – mír 3

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(3) I gcás ina gcinnfidh an Coimisiún, tar éis measúnú tosaigh a dhéanamh, nach bhfuil aon fhoras leordhóthanach ann chun an t-imscrúdú domhain a thionscnamh, toisc nach bhfuil fóirdheontas eachtrach ann nó toisc nach bhfuil aon tásc ann go bhfuil saobhadh iarbhír nó féideartha sa mhargadh inmheánach, dúnfaidh sé an t-athbhreithniú tosaigh agus cuirfidh sé an gnóthas lena mbaineann ar an eolas.	(3) I gcás ina gcinnfidh an Coimisiún, tar éis measúnú tosaigh a dhéanamh, nach bhfuil aon fhoras leordhóthanach ann chun an t-imscrúdú domhain a thionscnamh, toisc nach bhfuil fóirdheontas eachtrach ann nó toisc nach bhfuil aon tásc ann go bhfuil saobhadh iarbhír nó féideartha sa mhargadh inmheánach, dúnfaidh sé an t-athbhreithniú tosaigh agus cuirfidh sé an gnóthas ***agus na Ballstáit*** lena mbaineann***, agus Parlaimint na hEorpa***, ar an eolas.

Leasú 55

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 9 – mír 2

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(2) I gcás ina gcinnfidh an Coimisiún go bhfuil an margadh inmheánach á shaobhadh ag fóirdheontas eachtrach de bhun Airteagail 3 ***go 5, féadfaidh sé*** bearta sásaimh a fhorchur ("cinneadh le bearta sásaimh").	(2) I gcás ina gcinnfidh an Coimisiún go bhfuil an margadh inmheánach á shaobhadh ag fóirdheontas eachtrach de bhun Airteagail 3 ***agus 4 agus gan dochar d'Airteagal 5, déanfaidh sé*** bearta sásaimh a fhorchur ("cinneadh le bearta sásaimh")***, ach amháin má ghlacann sé le gealltanais de bhun mhír 3***.

Leasú 56

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 10 – mír 1 – an chuid réamhráiteach

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
Féadfaidh an Coimisiún bearta eatramhacha a dhéanamh, sna cásanna seo a leanas:	Féadfaidh an Coimisiún bearta eatramhacha a dhéanamh***, lena n-áirítear le linn thréimhse an réamh-athbhreithnithe,*** sna cásanna seo a leanas:

Dé Céadaoin 4. Bealtaine 2022

Leasú 57

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 10 – mír 1 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	Beidh teorainn ama le bearta eatramhacha agus féadfar iad a shíneadh i gcás ina bhfuil léiriú fós ann maidir le héifeachtaí saobhacha nó baol tromchúiseach go ndéanfaí damáiste don iomaíocht ar an margadh inmheánach.

Leasú 58

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 12 – mír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(1) ***Féadfaidh*** an Coimisiún na cigireachtaí is gá ***a dhéanamh*** ar ghnóthais.	(1) ***Chun a chuid dualgas a sannadh dó faoin Rialachán seo a chur i gcrích, déanfaidh*** an Coimisiún***, i gcás inar*** gá, cigireachtaí ar ghnóthais.

Leasú 59

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 12 – mír 2 – pointe a

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(a) dul isteach in aon áitreabh ***agus*** talamh de chuid an ghnóthais lena mbaineann;	(a) dul isteach in aon áitreabh, ar aon talamh ***agus in aon chóir iompair*** de chuid an ghnóthais lena mbaineann;

Leasú 60

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 13 – mír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
Chun na dualgais a shanntar dó leis an Rialachán seo a chomhlíonadh, féadfaidh an Coimisiún cigireachtaí a dhéanamh i gcríoch tríú tír, ar choinníoll go bhfuil a thoiliú tugtha ag ***an ngnóthas lena mbaineann agus go bhfuil fógra oifigiúil tugtha do*** rialtas an tríú tír agus gur aontaigh sé leis an gcigireacht. Beidh feidhm de réir analaí ag Airteagal 12(1), (2) agus (3), pointí (a) agus (b).	Chun na dualgais a shanntar dó leis an Rialachán seo a chomhlíonadh, féadfaidh an Coimisiún cigireachtaí a dhéanamh i gcríoch tríú tír, ar choinníoll go bhfuil fógra oifigiúil tugtha do rialtas an tríú tír agus gur aontaigh sé leis an gcigireacht. Beidh feidhm de réir analaí ag Airteagal 12(1), (2) agus (3), pointí (a) agus (b).

Dé Céadaoin 4. Bealtaine 2022

Leasú 61

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 15 – mír 1 – an chuid réamhráiteach

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(1) Féadfaidh an Coimisiún, trí chinneadh, fíneálacha agus íocaíochtaí pionósacha tréimhsiúla a fhorchur i gcás ina ndéanann gnóthas ***lena mbaineann*** nó comhlachas gnóthas, d'aon ghnó nó le faillí, an méid seo a leanas:	1. ***Déanfaidh*** an Coimisiún, trí chinneadh, fíneálacha agus íocaíochtaí pionósacha tréimhsiúla a fhorchur i gcás ina ndéanann gnóthas lena mbaineann nó comhlachas gnóthas ***lena mbaineann***, d'aon ghnó nó le faillí, an méid seo a leanas:

Leasú 62

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 15 – mír 5 – an chuid réamhráiteach

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(5) I gcás nach gcomhlíonann gnóthas lena mbaineann cinneadh lena ngabhann gealltanais de bhun Airteagal 9(3), cinneadh lena n-ordaítear bearta eatramhacha de bhun Airteagal 10 nó cinneadh lena bhforchuirtear bearta sásaimh de bhun Airteagal 9(2), féadfaidh an Coimisiún, trí chinneadh, na nithe seo a leanas a fhorchur:	5. I gcás nach gcomhlíonann gnóthas ***nó comhlachas gnóthas*** lena mbaineann cinneadh lena ngabhann gealltanais de bhun Airteagal 9(3), cinneadh lena n-ordaítear bearta eatramhacha de bhun Airteagal 10 nó cinneadh lena bhforchuirtear bearta sásaimh de bhun Airteagal 9(2), féadfaidh an Coimisiún, trí chinneadh, na nithe seo a leanas a fhorchur:

Leasú 63

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 18 – mír 3 – pointe a

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(a) go bhfuil an gnóthas a fuarthas nó ceann amháin ar a laghad de na gnóthais atá i mbun cumaisc bunaithe san Aontas agus go ngineann sé láimhdeachas comhiomlán EUR 500 milliún ar a laghad san Aontas; agus	(a) go bhfuil an gnóthas a fuarthas nó ceann amháin ar a laghad de na gnóthais atá i mbun cumaisc bunaithe san Aontas agus go ngineann sé láimhdeachas comhiomlán EUR ***400*** milliún ar a laghad san Aontas; agus

Leasú 64

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 18 – mír 3 – pointe b

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(b) ***go bhfuair*** na gnóthais lena mbaineann ranníocaíocht chomhiomlán airgeadais de níos mó ná EUR 50 milliún ó thríú tíortha sna trí bliana féilire sular tugadh fógra.	(b) ***gur deonaíodh do*** na gnóthais go léir lena mbaineann ranníocaíocht chomhiomlán airgeadais de níos mó ná EUR 50 milliún ó thríú tíortha sna trí bliana féilire sular tugadh fógra.

Dé Céadaoin 4. Bealtaine 2022

Leasú 65

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 18 – mír 4 – pointe a

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(a) go bhfuil an comhfhiontar féin ***nó ceann dá mháthairghnóthais*** bunaithe san Aontas agus go ngineann sé láimhdeachas comhiomlán EUR ***500*** milliún ar a laghad san Aontas; agus	(a) go bhfuil an comhfhiontar bunaithe san Aontas agus go ngineann sé láimhdeachas comhiomlán EUR ***400*** milliún ar a laghad san Aontas; agus

Leasú 66

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 18 – mír 4 – pointe b

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(b) ***go bhfuair*** an comhfhiontar féin agus a mháthairghnóthais ranníocaíocht airgeadais chomhiomlán ó thríú tíortha arbh fhiú níos mó ná EUR 50 milliún iad sna trí bliana féilire sular tugadh fógra.	(b) ***gur deonaíodh*** don chomhfhiontar féin agus dá mháthairghnóthais ranníocaíocht airgeadais chomhiomlán ó thríú tíortha arbh fhiú níos mó ná EUR 50 milliún iad sna trí bliana féilire sular tugadh fógra.

Leasú 67

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 19 – mír 4

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(4) Mura n-éiríonn leis na gnóthais lena mbaineann a n-oibleagáid maidir le fógra a thabhairt a chomhlíonadh, ***féadfaidh*** an Coimisiún athbhreithniú a dhéanamh ar chomhchruinniú infhógartha i gcomhréir leis an Rialachán seo trí fhógra faoin gcomhchruinniú sin a iarraidh. Sa chás sin, ní bheidh an Coimisiún faoi cheangal ag na teorainneacha ama dá dtagraítear in Airteagal 23(1) agus (4).	(4) Mura n-éiríonn leis na gnóthais lena mbaineann a n-oibleagáid maidir le fógra a thabhairt a chomhlíonadh, ***déanfaidh*** an Coimisiún athbhreithniú ar chomhchruinniú infhógartha i gcomhréir leis an Rialachán seo trí fhógra faoin gcomhchruinniú sin a iarraidh. Sa chás sin, ní bheidh an Coimisiún faoi cheangal ag na teorainneacha ama dá dtagraítear in Airteagal 23(1) agus (4).

Leasú 68

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 19 – mír 5

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(5) Féadfaidh an Coimisiún fógra a iarraidh roimh ré maidir le haon chomhchruinniú nach bhfuil ina chomhchruinniú infhógartha de réir bhrí Airteagal 18 tráth ar bith sula gcuirfear chun feidhme é i gcás ina measann an Coimisiún ***gur bhain*** na gnóthais lena mbaineann ***tairbhe as*** fóirdheontais eachtracha sna trí bliana roimh an gcomhchruinniú. Measfar gur comhchruinniú infhógartha an comhchruinniú sin chun críocha an Rialacháin seo.	(5) Féadfaidh an Coimisiún fógra a iarraidh roimh ré maidir le haon chomhchruinniú nach bhfuil ina chomhchruinniú infhógartha de réir bhrí Airteagal 18 tráth ar bith sula gcuirfear chun feidhme é i gcás ina measann an Coimisiún ***gur deonaíodh*** fóirdheontais eachtracha do na gnóthais lena mbaineann sna trí bliana roimh an gcomhchruinniú. Measfar gur comhchruinniú infhógartha an comhchruinniú sin chun críocha an Rialacháin seo.

Dé Céadaoin 4. Bealtaine 2022

Leasú 69

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 27 – mír 2

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(2) Chun críche Airteagal 28, measfar ranníocaíocht eachtracha airgeadais infhógartha i nós imeachta soláthair phoiblí de chuid an Aontais a bheith ann i gcás ina mbeidh luach measta an tsoláthair phoiblí sin cothrom le nó níos mó ná EUR ***250*** milliún.	(2) Chun críche Airteagal 28 ***den Rialachán seo***, measfar ranníocaíocht eachtracha airgeadais infhógartha i nós imeachta soláthair phoiblí de chuid an Aontais a bheith ann i gcás ina mbeidh luach measta ***iomlán*** an tsoláthair phoiblí sin***, arna ríomh i gcomhréir leis na forálacha a leagtar síos in Airteagal 5 de Threoir 2014/24/AE agus in Airteagal 16 de Threoir 2014/25/AE,*** cothrom le nó níos mó ná EUR ***200*** milliún.

Leasú 70

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 28 – mír 2

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(2) An oibleagáid fógra a thabhairt faoi ranníocaíochtaí eachtracha airgeadais faoin mír seo, cuimseoidh sí oibreoirí eacnamaíocha, grúpaí oibreoirí eacnamaíocha dá dtagraítear in Airteagal 26(2) de Threoir 2014/23/AE, Airteagal 19(2) de Threoir 2014/24/AE agus Airteagal 37(2) de Threoir 2014/25/AE, príomhfhochonraitheoirí agus príomhsholáthróirí. Measfar gur príomhfhochonraitheoirí nó príomhsholáthróirí é fochonraitheoir nó soláthróir i gcás ***ina n-áirithítear lena rannpháirtíocht príomhghnéithe de chomhlíonadh an chonartha agus in aon chás inar*** mó sciar eacnamaíoch a ranníocaíochta ná ***30 %*** de luach measta an chonartha.	(2) An oibleagáid fógra a thabhairt faoi ranníocaíochtaí eachtracha airgeadais faoin mír seo, cuimseoidh sí oibreoirí eacnamaíocha, grúpaí oibreoirí eacnamaíocha dá dtagraítear in Airteagal 26(2) de Threoir 2014/23/AE, Airteagal 19(2) de Threoir 2014/24/AE agus Airteagal 37(2) de Threoir 2014/25/AE, príomh-fhochonraitheoirí agus príomhsholáthróirí. Measfar gur príomh-fhochonraitheoirí nó príomhsholáthróirí é fochonraitheoir nó soláthróir inar mó sciar eacnamaíoch a ranníocaíochta ná ***20 %*** de luach measta an chonartha.

Leasú 71

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 28 – mír 3

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(3) I gcás grúpaí oibreoirí eacnamaíocha, príomhfhochonraitheoirí agus príomhsholáthróirí, áiritheoidh an príomhoibreoir eacnamaíoch fógra a thabhairt.	(3) I gcás grúpaí oibreoirí eacnamaíocha, príomh-fhochonraitheoirí agus príomhsholáthróirí, áiritheoidh an príomhoibreoir eacnamaíoch fógra a thabhairt. ***Ní bheidh an príomhoibreoir eacnamaíoch faoi dhliteanas i leith faisnéis a sholáthair a phríomh-fhochonraitheoirí nó a phríomhsholáthraithe.***

Dé Céadaoin 4. Bealtaine 2022

Leasú 72

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 28 – mír 6

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(6) I gcás ina measann an Coimisiún go bhféadfadh sé gur ***bhain gnóthas tairbhe as*** fóirdheontais eachtracha sna trí bliana roimh thíolacadh na tairisceana nó an iarraidh ar rannpháirtíocht sa nós imeachta soláthair phoiblí, féadfaidh sé fógra a iarraidh faoi na ranníocaíochtaí eachtracha airgeadais a fuair an gnóthas sin in aon nós imeachta soláthair phoiblí nach bhfuil infhógartha faoi Airteagal 27(2) nó a thagann faoi raon feidhme mhír 5 den Airteagal seo, tráth ar bith roimh dhámhachtain an chonartha. A luaithe a iarrann an Coimisiún fógra faoin ranníocaíocht airgeadais sin, meastar gur ranníocaíocht eachtrach airgeadais infhógartha í i nós imeachta soláthair phoiblí.	(6) I gcás ina measann an Coimisiún go bhféadfadh sé gur ***deonaíodh*** fóirdheontais eachtracha ***do ghnóthas*** sna trí bliana roimh thíolacadh na tairisceana nó an iarraidh ar rannpháirtíocht sa nós imeachta soláthair phoiblí, féadfaidh sé fógra a iarraidh faoi na ranníocaíochtaí eachtracha airgeadais a fuair an gnóthas sin in aon nós imeachta soláthair phoiblí nach bhfuil infhógartha faoi Airteagal 27(2) nó a thagann faoi raon feidhme mhír 5 den Airteagal seo, tráth ar bith roimh dhámhachtain an chonartha. A luaithe a iarrann an Coimisiún fógra faoin ranníocaíocht airgeadais sin, meastar gur ranníocaíocht eachtrach airgeadais infhógartha í i nós imeachta soláthair phoiblí.

Leasú 73

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 29 – mír 2

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(2) Déanfaidh an Coimisiún athbhreithniú tosaigh tráth nach déanaí ná ***60*** lá tar éis dó an fógra a fháil.	(2) Déanfaidh an Coimisiún athbhreithniú tosaigh ***a chur i gcrích*** tráth nach déanaí ná ***40*** lá tar éis dó an fógra a fháil.

Leasú 74

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 29 – mír 4

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(4) Féadfaidh an Coimisiún cinneadh lena ndúntar an t-imscrúdú domhain a ghlacadh tráth nach déanaí ná ***200*** lá tar éis dó an fógra a fháil. In imthosca eisceachtúla, féadfar síneadh a chur leis an teorainn ama sin tar éis dul i gcomhairle leis an údarás conarthach nó leis an eintiteas conarthach lena mbaineann.	(4) Féadfaidh an Coimisiún cinneadh lena ndúntar an t-imscrúdú domhain a ghlacadh tráth nach déanaí ná ***120*** lá tar éis dó an fógra a fháil. In imthosca eisceachtúla, féadfar síneadh ***20 lá*** a chur leis an teorainn ama sin tar éis dul i gcomhairle leis an údarás conarthach nó leis an eintiteas conarthach lena mbaineann.

Dé Céadaoin 4. Bealtaine 2022

Leasú 75

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 31 – mír 3

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(3) Ní fhéadfar an conradh a dhámhachtain ar ghnóthas a mbeidh dearbhú á chur isteach aige faoi Airteagal 28 sula nglacfaidh an Coimisiún aon cheann de na cinntí dá dtagraítear in Airteagal 30 nó sula rachaidh an teorainn ama a leagtar síos in Airteagal 29(4) in éag ach amháin má shuitear sa mheastóireacht a dhéantar ar thairiscintí gur chuir an gnóthas atá i gceist an tairiscint is buntáistí go heacnamaíoch isteach.	(3) Ní fhéadfar an conradh a dhámhachtain ar ghnóthas a mbeidh dearbhú á chur isteach aige faoi Airteagal 28 sula nglacfaidh an Coimisiún aon cheann de na cinntí dá dtagraítear in Airteagal 30 nó sula rachaidh an teorainn ama a leagtar síos in Airteagal 29(4) ***den Rialachán seo*** in éag ach amháin má shuitear sa mheastóireacht a dhéantar ar thairiscintí gur chuir an gnóthas atá i gceist an tairiscint is buntáistí go heacnamaíoch isteach***, mar a shainmhínítear in Airteagal 67(2) de Threoir 2014/24/AE agus in Airteagal 82(2) de Threoir 2014/25/AE. Féadfar faisnéis a bhaineann le fóirdheontais eachtracha shaobhacha, lena n-áirítear aon amhras go ndearnadh dearbhú bréagach, a thuairisciú don Choimisiún.***

Leasú 76

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 31 – mír 6

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(6) I ngach cás, cuirfidh an t-údarás conarthach nó an t-eintiteas conarthach an Coimisiún ar an eolas faoi aon chinneadh a bhaineann le toradh an nós imeachta soláthair phoiblí.	(6) I ngach cás, cuirfidh an t-údarás conarthach nó an t-eintiteas conarthach an Coimisiún ar an eolas ***gan moill mhíchuí*** faoi aon chinneadh a bhaineann le toradh an nós imeachta soláthair phoiblí.

Leasú 77

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 31 – mír 7

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(7) Déanfar na prionsabail lena rialaítear soláthar poiblí, lena n-áirítear comhréireacht, neamh-idirdhealú, cóir chomhionann, agus trédhearcacht, a urramú a mhéid a bhaineann le gach gnóthas a bhfuil baint aige leis an nós imeachta soláthair phoiblí. Ní bheidh de thoradh ar an imscrúdú ar fhóirdheontais eachtracha de bhun an Rialacháin seo go ndéileálfaidh an t-údarás conarthach nó an t-eintiteas conarthach leis an ngnóthas lena mbaineann ar bhealach atá contrártha do na prionsabail sin.	(7) Déanfar na prionsabail lena rialaítear ***nósanna imeachta*** soláthair phoiblí, lena n-áirítear comhréireacht, neamh-idirdhealú, cóir chomhionann, trédhearcacht, ***chomh maith le comhlíonadh na n-oibleagáidí maidir le dlí agus caighdeáin chomhshaoil, shóisialta agus saothair is infheidhme i gcomhlíonadh an chonartha***, a urramú a mhéid a bhaineann le gach gnóthas atá páirteach sa nós imeachta um sholáthar poiblí. Ní bheidh de thoradh ar an imscrúdú ar fhóirdheontais eachtracha de bhun an Rialacháin seo go ndéileálfaidh an t-údarás conarthach nó an t-eintiteas conarthach leis an ngnóthas lena mbaineann ar bhealach atá contrártha do na prionsabail sin.

Dé Céadaoin 4. Bealtaine 2022

Leasú 78

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 32 – mír 2

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(2) Ina theannta sin, féadfaidh an Coimisiún, trí chinneadh, fíneálacha nach mó ná 1 % dá láimhdeachas comhiomlán sa bhliain ghnó roimhe sin a fhorchur ar na gnóthais lena mbaineann i gcás ina ndéanfaidh siad, d'aon ghnó nó le faillí, faisnéis mhícheart nó mhíthreorach a sholáthar i bhfógra de bhun Airteagal 28 nó i bhforlíonadh leis sin;	2. Ina theannta sin, féadfaidh an Coimisiún, trí chinneadh, fíneálacha nach mó ná 1 % dá láimhdeachas comhiomlán sa bhliain ghnó roimhe sin a fhorchur ar na gnóthais lena mbaineann i gcás ina ndéanfaidh siad, d'aon ghnó nó le faillí, faisnéis mhícheart nó mhíthreorach a sholáthar i bhfógra ***agus dearbhuithe*** de bhun Airteagal 28 nó i bhforlíonadh leis sin;

Leasú 79

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 33 – mír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(1) Féadfaidh ranníocaíocht airgeadais ar tugadh fógra ina leith i gcomhthéacs comhchruinnithe faoi Airteagal 19 a bheith ábhartha agus féadfar measúnú a dhéanamh uirthi arís i ndáil le gníomhaíocht eacnamaíoch eile.	1. Féadfaidh ranníocaíocht airgeadais ar tugadh fógra ina leith i gcomhthéacs comhchruinnithe faoi Airteagal 19 a bheith ábhartha agus féadfar measúnú a dhéanamh uirthi arís ***faoin Rialachán seo*** i ndáil le gníomhaíocht eacnamaíoch eile.

Leasú 80

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 33 – mír 2

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(2) Féadfaidh ranníocaíocht airgeadais ar tugadh fógra ina leith i gcomhthéacs nós imeachta soláthair phoiblí faoi Airteagal 28 a bheith ábhartha agus féadfar measúnú a dhéanamh uirthi arís i ndáil le gníomhaíocht eacnamaíoch eile.	2. Féadfaidh ranníocaíocht airgeadais ar tugadh fógra ina leith i gcomhthéacs nós imeachta soláthair phoiblí faoi Airteagal 28 a bheith ábhartha agus féadfar measúnú a dhéanamh uirthi arís ***faoin Rialachán seo*** i ndáil le gníomhaíocht eacnamaíoch eile.

Dé Céadaoin 4. Bealtaine 2022

Leasú 81

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 34 – mír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(1) I gcás ina dtugann an fhaisnéis atá ar fáil bunús le hamhras réasúnach go bhféadfadh fóirdheontais eachtracha in earnáil áirithe, maidir le cineál áirithe gníomhaíochta eacnamaíche nó bunaithe ar ionstraim fhóirdheontais áirithe, an margadh inmheánach a shaobhadh, ***féadfaidh*** an Coimisiún imscrúdú margaidh a dhéanamh ar an earnáil áirithe, ar an gcineál áirithe gníomhaíochta eacnamaíche nó ar úsáid na hionstraime fóirdheontais lena mbaineann. Le linn an imscrúdaithe margaidh sin, ***féadfaidh*** an Coimisiún a iarraidh ar na gnóthais nó ar na comhlachais gnóthas lena mbaineann an fhaisnéis is gá a sholáthar agus féadfaidh sé na cigireachtaí is gá a dhéanamh. Féadfaidh an Coimisiún iarraidh ar an mBallstát nó ar an tríú tír lena mbaineann faisnéis a sholáthar freisin.	(1) I gcás ina dtugann an fhaisnéis atá ar fáil bunús le hamhras réasúnach go bhféadfadh fóirdheontais eachtracha in earnáil áirithe, maidir le cineál áirithe gníomhaíochta eacnamaíche nó bunaithe ar ionstraim fhóirdheontais áirithe, an margadh inmheánach a shaobhadh, ***déanfaidh*** an Coimisiún imscrúdú margaidh ar an earnáil áirithe, ar an gcineál áirithe gníomhaíochta eacnamaíche nó ar úsáid na hionstraime fóirdheontais lena mbaineann. Le linn an imscrúdaithe margaidh sin, ***iarrfaidh*** an Coimisiún ar na gnóthais nó ar na comhlachais gnóthas lena mbaineann an fhaisnéis is gá a sholáthar agus féadfaidh sé na cigireachtaí is gá a dhéanamh. Féadfaidh an Coimisiún iarraidh ar an mBallstát nó ar an tríú tír lena mbaineann faisnéis a sholáthar freisin.

Leasú 82

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 34 – mír 2

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(2) ***Féadfaidh*** an Coimisiún tuarascáil a fhoilsiú ar thorthaí a imscrúdaithe margaidh ar earnálacha áirithe, ar chineálacha áirithe gníomhaíochta eacnamaíche nó ar ionstraimí fóirdheontais áirithe agus barúlacha a iarraidh ó pháirtithe leasmhara.	(2) ***Déanfaidh*** an Coimisiún***, i gcás inarb ábhartha,*** tuarascáil a fhoilsiú ar thorthaí a imscrúdaithe margaidh ar earnálacha áirithe, ar chineálacha áirithe gníomhaíochta eacnamaíche nó ar ionstraimí fóirdheontais áirithe agus barúlacha a iarraidh ó pháirtithe leasmhara.

Dé Céadaoin 4. Bealtaine 2022

Leasú 83

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 34 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	Airteagal 34a
	Idirphlé tríú tír
	1. I gcás, tar éis imscrúdú margaidh a dhéanamh de bhun Airteagal 34, go bhfaigheann an Coimisiún amach go bhfuil ann d'fhóirdheontais shistéamacha shaobhacha eachtracha ann, nó i gcás ina dtugann faisnéis eile atá ar fáil bunús amhrais réasúnta maidir le fóirdheontais den chineál sin a bheith ann, féadfaidh an Coimisiún, thar ceann an Aontais, dul i mbun idirphlé leis an tríú tír atá i gceist chun roghanna atá dírithe ar scor nó ar mhodhnú na bhfóirdheontas a fhiosrú d'fhonn deireadh a chur lena n-éifeachtaí saobhacha ar an margadh inmheánach.
	2. Ní chuirfidh an t-idirphlé sin cosc ar an gCoimisiún gníomhaíocht bhreise a dhéanamh faoin Rialachán seo, lena n-áirítear imscrúduithe a oscailt nó leanúint leo nó bearta eatramhacha nó sásaimh a chur i bhfeidhm.
	3. Féadfaidh an Coimisiún féachaint le scor nó modhnú na bhfóirdheontas sistéamach saobhach a fháil tríd an ábhar a ardú in aon fhóram idirnáisiúnta iomchuí freisin.
	4. Féadfaidh an Coimisiún dul i mbun comhairliúcháin nó comhair, thar ceann an Aontais, le haon tríú tír eile a ndéanann na fóirdheontais shistéamacha shaobhacha chéanna difear di nó le haon tríú tír leasmhar, d'fhonn scor nó modhnú na bhfóirdheontas a fháil. D'fhéadfadh comhordú i bhfóraim ábhartha idirnáisiúnta agus comhordú mar fhreagairt do na fóirdheontais shistéamacha shaobhacha a bheith i gceist leis sin, i gcás inarb iomchuí.
	5. Déanfaidh an Coimisiún, gan moill mhíchuí, Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle a chur ar an eolas faoi fhorbairtí ábhartha.

Leasú 84

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 35 – mír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(1) Maidir le cumhachtaí an Choimisiúin faoi Airteagal 9, beidh siad faoi réir tréimhse teorann deich mbliana, ag tosú ar an lá a dheonaítear fóirdheontas eachtrach don ghnóthas lena mbaineann. Aon ghníomhaíocht a dhéanfaidh an Coimisiún faoi Airteagail 8, 11, 12 ***nó 13*** maidir le fóirdheontas eachtrach, brisfidh sí an tréimhse teorann. I ndiaidh gach briste, cuirfear tús athuair leis an tréimhse teorann.	(1) Maidir le cumhachtaí an Choimisiúin faoi Airteagal 9, beidh siad faoi réir tréimhse teorann deich mbliana, ag tosú ar an lá a dheonaítear fóirdheontas eachtrach don ghnóthas lena mbaineann. Aon ghníomhaíocht a dhéanfaidh an Coimisiún faoi Airteagail 8, 11, 12***, 13 nó 34*** maidir le fóirdheontas eachtrach, brisfidh sí an tréimhse teorann. I ndiaidh gach briste, cuirfear tús athuair leis an tréimhse teorann.

Dé Céadaoin 4. Bealtaine 2022

Leasú 85

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 40 – mír 3 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(3a) Tá an Rialachán seo gan dochar do chur i bhfeidhm Rialachán (AE) 2022/… ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([1a]).
	([1a]) Rialachán (AE) 2022/… ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le rochtain oibreoirí eacnamaíocha, earraí agus seirbhísí tríú tíortha ar mhargadh soláthair phoiblí an Aontais agus nósanna imeachta a thacaíonn leis an gcaibidlíocht i leith rochtain oibreoirí eacnamaíocha, earraí agus seirbhísí an Aontais ar mhargaí soláthair phoiblí tríú tíortha (Ionstraim Soláthair Idirnáisiúnta – IPI) (IO L…).

Leasú 86

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 40 – mír 7

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(7) Ní dhéanfar imscrúdú de bhun an Rialacháin seo agus ní dhéanfar bearta a fhorchur ná a choinneáil ar bun i gcás ina mbeadh imscrúdú nó bearta den sórt sin ag teacht salach ar oibleagáidí an Aontais atá mar thoradh ar aon chomhaontú idirnáisiúnta ábhartha a rinne sé. Go háirithe, ní dhéanfar aon ghníomhaíocht faoin Rialachán seo a bheadh ina gníomhaíocht sonrach in aghaidh fóirdheontais de réir bhrí Airteagal 32.1 den Chomhaontú maidir le Fóirdheontais agus Bearta Frithchúitimh. Ní chuirfidh an Rialachán seo cosc ar an Aontas a chearta a fheidhmiú ná a oibleagáidí faoi chomhaontuithe idirnáisiúnta a chomhlíonadh.	(7) Ní dhéanfar imscrúdú de bhun an Rialacháin seo agus ní dhéanfar bearta a fhorchur ná a choinneáil ar bun i gcás ina mbeadh imscrúdú nó bearta den sórt sin ag teacht salach ar oibleagáidí an Aontais atá mar thoradh ar aon chomhaontú idirnáisiúnta ábhartha a rinne sé. Go háirithe, ní dhéanfar aon ghníomhaíocht faoin Rialachán seo a bheadh ina gníomhaíocht sonrach in aghaidh fóirdheontais de réir bhrí Airteagal 32.1 den Chomhaontú maidir le Fóirdheontais agus Bearta Frithchúitimh ***agus á deonú ag tríú tír ar bhall den Eagraíocht Domhanda Trádála í***. Ní chuirfidh an Rialachán seo cosc ar an Aontas a chearta a fheidhmiú ná a oibleagáidí faoi chomhaontuithe idirnáisiúnta a chomhlíonadh.

Leasú 87

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 42 – mír 1 – pointe a

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(a) foirm, ábhar agus sonraí nós imeachta fógraí maidir le comhchruinnithe de bhun Airteagal 19;	(a) foirm, ábhar agus sonraí nós imeachta fógraí maidir le comhchruinnithe de bhun Airteagal 19***, lena n-áirítear nós imeachta simplithe féideartha***;

Dé Céadaoin 4. Bealtaine 2022

Leasú 88

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 42 – mír 1 – pointe b

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(b) foirm, ábhar agus sonraí nós imeachta fógraí maidir le ranníocaíochtaí eachtracha airgeadais i nósanna imeachta soláthair phoiblí de bhun Airteagal 28;	(b) foirm, ábhar agus sonraí nós imeachta fógraí maidir le ranníocaíochtaí eachtracha airgeadais i nósanna imeachta soláthair phoiblí de bhun Airteagal 28***, lena n-áirítear nós imeachta simplithe féideartha***;

Leasú 89

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 42 – mír 1 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(1a) Déanfar an chéad ghníomh cur chun feidhme nó na chéad ghníomhartha cur chun feidhme lena gcumhdaítear na heilimintí go léir dá dtagraítear i mír 1 a ghlacadh tráth nach déanaí ná bliain amháin tar éis dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo.

Leasú 90

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 44

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
Airteagal 44	***scriosta***
Gníomhartha tarmligthe	
(1) Tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh chun na gcríoch seo a leanas:	
(a) lena leasaítear na tairseacha d'fhógraí mar a leagtar amach in Airteagail 18 agus 27, i bhfianaise chleachtas an Choimisiúin le linn na chéad chúig bliana de chur i bhfeidhm an Rialacháin seo, agus éifeachtacht an chur i bhfeidhm á cur san áireamh;	

Dé Céadaoin 4. Bealtaine 2022

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(b) catagóirí áirithe gnóthas lena mbaineann a dhíolmhú ón oibleagáid fógra a thabhairt de bhun Airteagail 19 agus 28, i bhfianaise chleachtas an Choimisiúin le linn na chéad chúig bliana de chur i bhfeidhm an Rialacháin seo, i gcás inar féidir, leis an gcleachtas sin, gníomhaíochtaí eacnamaíocha a shainaithint nuair nach dócha go ndéanfaidh fóirdheontais eachtracha saobhadh sa mhargadh inmheánach;	
(c) na hamlínte maidir le hathbhreithniú agus imscrúduithe doimhne a leagtar amach in Airteagail 24 agus 29 a leasú.	
(2) Glacfar na gníomhartha tarmligthe dá dtagraítear i mír 1 i gcomhréir le hAirteagal 45.	

Leasú 91

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 45

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
Airteagal 45	***scriosta***
An tarmligean a fheidhmiú	
(1) Is faoi réir na gcoinníollacha a leagtar síos san Airteagal seo a thugtar an chumhacht don Choimisiún chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh.	
(2) Déanfar an chumhacht chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh dá dtagraítear in Airteagal 44 a thabhairt don Choimisiún go ceann tréimhse neamhchinntithe ama, tréimhse a thosóidh dhá bhliain tar éis dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo.	
(3) Féadfaidh Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle tarmligean na cumhachta dá dtagraítear in Airteagal 44 a chúlghairm aon tráth. Le cinneadh chun cúlghairm a dhéanamh, cuirfear deireadh le tarmligean na cumhachta atá sonraithe sa chinneadh sin. Gabhfaidh éifeacht leis an lá tar éis fhoilsiú an chinnidh in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh nó ar dháta is déanaí a shonrófar sa chinneadh. Ní dhéanfaidh sé difear do bhailíocht aon ghnímh tharmligthe atá i bhfeidhm cheana.	
(4) Sula nglacfaidh sé gníomh tarmligthe, rachaidh an Coimisiún i mbun comhairliúchán le saineolaithe arna n-ainmniú ag gach Ballstát i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach maidir le Reachtóireacht Níos Fearr an 13 Aibreán 2016.	

Dé Céadaoin 4. Bealtaine 2022

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(5) A luaithe a ghlacfaidh sé gníomh tarmligthe, tabharfaidh an Coimisiún fógra, an tráth céanna, do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle faoi.	
(6) Ní thiocfaidh gníomh tarmligthe a ghlactar de bhun Airteagal 44 i bhfeidhm ach amháin mura mbeidh aon agóid curtha in iúl ag Parlaimint na hEorpa nó ag an gComhairle laistigh de thréimhse dhá mhí tar éis fógra faoin ngníomh sin a thabhairt do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle nó más rud é, roimh dhul in éag na tréimhse sin, go mbeidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle araon tar éis a chur in iúl don Choimisiún nach ndéanfaidh siad aon agóid. Déanfar an tréimhse sin a fhadú dhá mhí ar thionscnamh Pharlaimint na hEorpa nó na Comhairle.	

Leasú 92

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 46 – mír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
Laistigh de ***chúig*** bliana ar a dhéanaí tar éis theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo, cuirfidh an Coimisiún tuarascáil faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle maidir ***le cur*** i bhfeidhm an Rialacháin seo***, tuarascáil a mbeidh tograí reachtacha ábhartha ag gabháil léi, i gcás ina mheasann an Coimisiún gurb iomchuí sin***.	***1.*** Laistigh de ***dhá*** bhliain ar a dhéanaí tar éis theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo, ***agus gach trí bliana ina dhiaidh sin, déanfaidh*** an Coimisiún ***athbhreithniú agus meastóireacht ar fheidhmiú agus ar éifeachtacht an Rialacháin seo agus*** cuirfidh sé tuarascáil faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle maidir ***lena*** chur i bhfeidhm***. Áireofar san athbhreithniú sin measúnú ar na tairseacha fógartha a leagtar amach in Airteagal 18 agus in Airteagal 27 agus ar a n-éifeachtaí ar acmhainneacht an Choimisiúin*** an Rialachán seo ***a chur chun feidhme ar bhealach éifeachtach***.

Leasú 93

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 46 – mír 1 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	1a. I gcás ina moltar sa tuarascáil leasuithe ar an Rialachán seo agus i gcás ina measfaidh an Coimisiún gurb iomchuí sin i bhfianaise a chleachtais agus an Rialachán seo á chur i bhfeidhm agus éifeachtacht an chur i bhfeidhm á cur san áireamh, féadfaidh tograí reachtacha ábhartha a bheith ag gabháil leis an tuarascáil, lena n-áirítear:

Dé Céadaoin 4. Bealtaine 2022

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	a) chun na tairseacha maidir le fógraí a leasú mar a leagtar amach in Airteagail 18 agus 27;
	b) catagóirí áirithe gnóthas lena mbaineann, amhail cistí rachmais cheannasaigh nó cistí pinsin de mheon meon macánta, a dhíolmhú ón oibleagáid fógra a thabhairt de bhun Airteagal 19 agus Airteagal 28 go háirithe i gcás inar féidir, le cleachtas an Choimisiúin, gníomhaíochtaí eacnamaíocha a shainaithint nuair nach dócha go ndéanfaidh fóirdheontais eachtracha saobhadh ar an margadh inmheánach;
	c) tairseacha sonracha d'fhógraí d'earnálacha eacnamaíocha áirithe nó tairseacha difreáilte le haghaidh cineálacha éagsúla conarthaí soláthair phoiblí a bhunú, go háirithe i gcás inar féidir, le cleachtas an Choimisiúin, gníomhaíochtaí eacnamaíocha a shainaithint i gcás inar dóchúla go ndéanfaí an margadh inmheánach a shaobhadh le fóirdheontais eachtracha, lena n-áirítear maidir le hearnálacha straitéiseacha agus bonneagar criticiúil;
	d) na hamlínte maidir le hathbhreithniú agus imscrúduithe doimhne a leagtar amach in Airteagail 24 agus 29 a leasú.
	e) an Rialachán seo a aisghairm, má mheasann an Coimisiún go bhfuil an Rialachán seo iomarcach go hiomlán de bharr rialacha iltaobhacha chun aghaidh a thabhairt ar fhóirdheontais shaobhacha.

Leasú 94

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 47 – mír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(1) Beidh feidhm ag an Rialachán seo maidir le fóirdheontais eachtracha a deonaíodh le linn na ***ndeich*** mbliana roimh dháta chur i bhfeidhm an Rialacháin seo i gcás ina ndéanfaidh na fóirdheontais eachtracha sin saobhadh sa mhargadh inmheánach tar éis thús chur i bhfeidhm an Rialacháin seo.	(1) Beidh feidhm ag an Rialachán seo maidir le fóirdheontais eachtracha a deonaíodh le linn na ***seacht*** mbliana roimh dháta chur i bhfeidhm an Rialacháin seo i gcás ina ndéanfaidh na fóirdheontais eachtracha sin saobhadh sa mhargadh inmheánach tar éis thús chur i bhfeidhm an Rialacháin seo.